



Tuarascáil Bhliantúil

2021





Saolta agus fiontair
shláintiúla, shábháilte
agus tháirgiúla

An Clár Ábhar

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Chathaoirleach an Bhoird do Damien English, an tAire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondfól	2
Achoimre agus buaicphointí	5
Giorrúcháin	8
Ról an Údaráis Sláinte agus Sábhálteachta	9
Ráiteas Straitéise 2019–2021 ón Údarás Sláinte agus Sábhálteachta	10
Bord agus Feidhmeannas an Údaráis Sláinte agus Sábhálteachta	11
Tuarascáil faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014	14
Tosaíocht Straitéiseach 1: Rialáil	15
Tosaíocht Straitéiseach 2: Cur Chun Cinn	23
Tosaíocht Straitéiseach 3: Creidiúnú	28
Tosaíocht Straitéiseach 4: Tionchar	30
Tosaíocht Straitéiseach 5: An Chaoi a nOibrímid	33
Spriocanna inghnóthaithe a bhain go sonrach le COVID-19	35
Méadracht agus táscairí feidhmíochta – Sprioc v. iarbhír	38
Buaicphointí na n-earnálacha tosaíochta in 2021	40
Tacaíocht agus comhairle do ghnóthaí agus do pháirtithe leasmhara	43
Aguisín 1: Sleachta as Ráitis Airgeadais neamh-iniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábhálteachta don blhiaín dar chríoch an 31 Nollaig 2021	44
Aguisín 2: Cigireachtaí, imscrúduithe agus ionchúisimh in 2021	68
Aguisín 3: Ionadaíocht AE agus idirnáisiúnta in 2021	77
Aguisín 4: Reachtaíocht agus treoir a cuireadh i gcrích in 2021	80
Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil 2021 don Aire ar oibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010	81

Arna foilsiu ag an Údarás Sláinte agus Sábhálteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8.

© Gach ceart ar cosaint.

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Chathaoirleach an Bhoird do Damien English, an tAire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol

A Aire,

Is í seo ár dtríú tuarascáil, agus deimhin an tuarascáil deiridh, faoi Ráiteas Straitéise 2019–2021 dár gcuid. Cuireadh túis leis an timthriall straitéiseach trí bliana seo le tréimhse ina raibh fás láidir geilleagach le brath ar dtús in 2019, ach ar lean athrú ollmhór é sin i rith 2020–21, de réir mar a bhí geilleagar agus sochaí na hÉireann ag streachailt le tionchar gan choinne phaindéim dhomhanda COVID-19. Bhí tuilleadh eiginneachta i réim i gcaitheamh 2021 de réir mar a d'fhreagair an geilleagar agus an tsochaí don ghéarchéim éigeandála, na hathruithe ar chomhpháirtíochtaí trádála a d'eascair as an Ríocht Aontaithe ag fágáil an Aontais Eorpáigh, agus bagairtí idirnáisiúnta ar an gcibearylánadál.

Leagadh amach in *Clár Oibre 2021* a d'fhoilsíomar raon leathan cuspóirí agus gníomhartha a bhí le cur i gcrích faoinár dtosaíochtaí straitéiseacha agus sainorduithe dlíthíula sa bláthain deiridh dár dtimthriall straitéiseach. Trí leas a bhaint as ár bhfoghlaím ó 2020, chinntíomar go gcuirfeadh ár gcur chuige le haghaidh 2021 ar ár gcumas measúnú a dhéanamh go leanúnach agus na tosaíochtaí a athrú de réir mar ba ghá i gcás ár gcláir oibre i bhfianaise phaindéim leanúnach COVID-19, agus chun ailníú agus tacú le cur chuige foriomlán an Rialtais agus cur i bhfeidhm na mbeart sláinte poiblí leasaithe. Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil seo na héachtáí agus na cuspóirí a baineadh amach i gcomhthéacs chlár oibre foilsithe an Údarás, chomh maith leis na gníomhartha a chur an tÚdarás i gcrích mar chuid den fhreagairt tras-Rialtais ar an bpaindéim.

Sa bláthain 2021, bhí laghdú ar cuireadh fáilte roimhe ar bhásuithe a bhain leis an obair, agus 38 bás tuairiscithe. Cé go léiríonn sé sin an figiúr is ísle a taifeadadh ó bunaíodh an tÚdarás in 1989, tuigimid gur fágadh teaghlach, comhghleacaithe agus pobal trána chéile mar gheall ar an 38 duine sin a cailleadh i dtimpistí a bhain leis an obair.

Coinníodh béim leanúnach ar na hearnálacha ardriosca – foirgníocht, talmhaíocht agus cúram sláinte – a sainaithníodh den chéad uair faoi Ráiteas Straitéise 2019–2021. Cuireadh 7,477 cigireacht i gcrích ar fud na n-earnálacha ar fad, agus cuireadh 1,109 imscrúdú eile i gcrích i bhfianaise tuairisci ar thimpistí agus gearán a fuarthas. Cuireadh 18 n-ionchúiseamh i gcrích, 16 cinn ar díotáil agus péire a ionchúisíodh go hachomair, ar eascraig fineálacha €692,750 san iomlán astu.

Tá an fheirmeoireacht fós ar cheann de na hearnálacha is contúirtí le hoibriú ann, ach is ábhar misnígh é an laghdú 50% ar lón na mbásuite in 2020, agus tá suíl ag an Údarás gur comhartha é sin go bhfuil ag éirí leis an teachtaireacht sábháilteachta dul i bhfeidhm ar dhaoine. D'fhoilsigh an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíochta Sábháilteachta Feirmeoireachta, coiste comhairleach Bhoird an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), a Phlean Gníomhaíochta le haghaidh 2021–2024 a bhfuil d'aidhm leis leibhéal na mbásuite, na ngortuithe tromchúiseacha agus na drochshláinte san earnáil talmhaíochta a laghdú.

I gcaitheamh na bliana, chothaíomar ról gníomhach sa fhreagairt trasírialtais do phaindéim COVID-19 trí ghrúpa cur i bhfeidhm an Fhóraim Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair (LEEF). Chuireamar leis na nuashonruithe rialta ar an bPrótacal um Oibriú go Sábháilte agus sholáthraíomar treoir, teimpléid agus seicliostaí nuashonraithe de réir mar a d'fhorbair comhairle an Rialtais agus na sláinte poiblí.

Mar gheall ar ár ról i leith an Phrótaeil um Oibriú go Sábháilte, rinneadh 7,437 cigireacht COVID-19 ar raon leathan ionaid oibre agus earnálacha tionscail. Trínár nAonad Teagmhála, chuireamar seirbhís deisce cabhrach ar fáil d'oibrithe, don phobal agus d'fhostóirí ar theastaigh faisnéis shonrach uathu maidir le COVID-19 nó ar theastaigh uathu gearán a dhéanamh.

Go sonrach, san earnáil sláinte agus cúram shóisialaigh, dhírigír ár gcigireachtaí ar chosaint fostaithe ar an mbaol a bhain le neamhchosaint cheirde ar COVID-19. Tugadh faoi chigireachtaí agus imscrúdúithe i raon ionad oibre sláinte agus cúram shóisialaigh, ina measc ospidéil ghéarmhíochaine, tithe altranais, cúram cónaitheach, agus seirbhísí pobail. Chuireamar Measúnú Tionchair Rialála i gcrích i ndiaidh iarratas ón mBord chun na roghanna maidir le cásanna COVID-19 a d'eascair as gníomhaíochta oibre a thuairisciú don Údarás a fhiosrú.



An Dr Sharon McGuinness

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

I mí líil 2021, rinneadh comhlacht ainmnithe den Údarás faoi na Rialacháin um Itheachán Faoi Dhíon. As sin go deireadh na bliana, thugamar faoi 2,402 seiceáil comhlíonta, le béim shonrach ar oibritheoirí agus go mbeadh córas a bhfeidhm acu chun nach ligfi isteach ach daoine ceadaithe ag a raibh Deimhniú Digeach COVID an Aontais Eorpach bailí.

I gcomhar leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, d'ullmháíomar i gcompháirt Code of Practice for Employers and Employees on the Prevention and Resolution of Bullying at Work, Cód Cleachtais a tháinig i bhfeidhm ar an 20 Nollaig 2020 agus ar fógraíodh a fhoilseachán san Iris Oifigiúil ar an 26 Eanáir 2021. D'thóilsíomar freisin Cód Cleachtais 2021 maidir leis na Rialacháin um Shábháilteach, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (2001–2021) agus na Rialacháin um Shábháilteach, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí) (2001–2019). Thacaigh an Cód Cleachtais sin le trasúi Threoir (AE) 2019/1831 ón Aontas Eorpach trínar tugadh isteach luachanna teorann nua le haghaidh deich substaint shonracha.

Tá an ceanglas go ndéanfaí faireachas margaidh ar tháiríg tionsclaíocha agus ceimiceáin a thagann isteach ar mhargadh na hÉireann ag éirí níos tábhacthaí ó d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach. Rinneadh measúnú ar 970 táirge ceimiceach agus 150 táirge tionsclaíoch ar mhargadh na hÉireann le feiceáil ar chomhlíon siad ceanglais theicniúla.

Tháinig Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) le chéile seacht n-uaire in 2021 agus bhronn sé 18 gcreidiúnú, agus rinne Bainisteoir INAB 342 cinneadh eile faoi chreidiúnú. Fuarthas 23 iarratas nua ar chreidiúnú in 2021, agus fuarthas 166 iarratas ar shíneadh le raon feidhme ó chliaint chreidiúnaithe reatha. I gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara ionadúla, forbraíodh straitéis bunaithe ar an todhchaí le haghaidh creidiúnú don tréimhse cúig bliana ó 2022–2026. Is í seo an chéad bheartas straitéisearch dá leithéid le haghaidh an chreidiúnaithe in Éirinn, agus forbraíodh í chun aitheantas a thabhairt don ról a bheidh ag an gcreidiúnú i dtacú leis an Rialtas, frontair, rialálaithe agus tomholtóirí. Tugtar cur chuige struchtúrtha sa straitéis seo maidir leis an gcaoi a gcuirfidh an creidiúnú le geilleagar agus sochaí na hÉireann amach anseo.



Tom Coughlan

An Cathaoirleach

In 2021, an bhliain deiridh dár dtimthriall straitéisearch reatha, thugamar freisin faoi phróiseas forbartha straitéisearch chun ár gcéad chaibidil eile a mhúnlú. Mar chuid den phróiseas sin, tugadh faoi chlár forleathan aiseolais agus comhairliúcháin phoiblí le páirtithe leasmhara seachtracha. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a d'fhreagair an comhairliúchán poiblí ar ár ndréacht-straitéis. Bhain an próiseas rannpháirtíochta foriomlán le páirtithe leasmhara leas as agallaimh, suirbhéanna agus gairm aighneachtaí ó raon leathan grúpaí páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Thug an próiseas comhairliúcháin le fios gur measadh go raibh cur i bhfeidhm na straitéisearch reatha dearfach ar an iomlán, chomh maith le chomh forleathan agus a bhí an comhoibriú a bhain léi. Mar chuid den phróiseas forbartha straitéisearch, tugadh faoi athbhreithniú ar aschuir agus tortháí ó Ráiteas Straitéise 2019–2021 ina ndearnadh anailís ar na príomhtháscairí feidhmíochta a leagadh amach le haghaidh na gclár oibre in 2019, 2020 agus 2021. Léirigh an t-athbhreithniú sin fianaise láidir gur baineadh amach na spriocanna foriomlána faoi gach príomhthosaíocht straitéisearch a leagadh amach i Ráiteas Straitéise 2019–2021.

Agus an túdarás ag fáil faoi réir don chéad chaibidil eile, cuirfear a straitéis nua i bhfeidhm i gcomhthéacs difriúil, in Éirinn atá ag teacht chuici féin ó phaindéim COVID-19 agus an tionchar gan choinne a bhí aici ar an tsochaí, ar ionaid oibre agus ar chúrsaí fostáiochta. Beidh athruithe ar chleachtais oibre, teicneolaíocht agus nuálaíocht sna blianta beaga amach romhainn agus níos fadtéarmaí freisin, anuas ar an éiginnteacht leanúnach a eascraíonn as imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

Go hinmheánach, tá an túdarás ag athrú freisin, agus tá méadú mór ag teacht air, rannóg nua ina measc. Rinneadh earcaíocht shuntasach ar fud na heagraíochta i rith 2021, as ar eascraí 51 ceapachán nua. Cuireadh clár ionduchtaithe cuimsitheach ar fáil do na comhaltaí foirne nua, chun a chinntí go gcuirtear oiliúint ar ár ndaoine agus go dtacaítear leo chun ár sainorduithe ar fad a chur i gcrích. Chríochnaíomar tionscadal deartha agus forbartha eagraíochta chun athléimneacht oibriúcháin an Údarás a thógáil agus a chinntí go bhfuil a shamhail oibre, a bhealaí oibre agus a dhaoinne tréitheacha oriúnach dá gcuspóir amach ansin.

Leanaimid orainn ag aithint an gá atá le heagraíocht bunaithe ar fhianaise agus a spreagtar ag sonraí a fhorbairt, agus ár leithdháileadh acmhainní a dhíriú bunaithe ar chuir chuige dea-chleachtais i leith taighde, anailíse agus meastóireachta. Príomhfhócas le haghaidh 2021 ab ea oibreacha a chumasú i dtreo croí-ardán nua TFC a fhorbairt chun an leas is fearr is féidir a bhaint as croíphróisis rialála agus ghnó an Údarás, a chruthóidh tairbhí ar nós bealaí oibre níos éifeachtaí, bainistíocht cásanna ó cheann go ceann, pleanál oibre níos fearr, taithí custaiméara níos fearr, sonraí glana agus fáil ar shonraí cruinne, ionlána, agus léargais níos fearr. Cuireadh próiseas cuimsitheach bailithe agus soláthair riachtanas i gcrích in 2021 as ar eascair dioltóir nua a fhostú ar conradh agus a úsáid chun an croí-ardán a sholáthar.

Ach oiread le gach ionad oibre eile, b'léigean d'fhoireann an Údarás oiriúnú go seasta don phaindéim agus na srianta, ag athrú an chaoi a n-oibrímid agus ag tabhairt faoi ghníomhafochtaí breise suntasacha chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta ar phaindéim COVID-19 in 2020 agus in 2021. Chinntigh ár ndaoine gur sháraíomar dúshláin uile na bliana seo caite agus go ndearnamar dul chun cinn ag an am céanna ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha ar gach uile bhealach. Léirigh ár bhfoirne an tiomantas agus athléimneacht atá ina ndlúthchuid den Údarás, agus chuir sé sin ar ár gcumas fanacht sofhreagrúil agus tontú de réir mar ba ghá chun cur go héifeachtach leis an iarracht náisiúnta.

Gabhaimid buíochas le comhaltaí uile Bhord an Údarás as a gcuid oibre i rith 2021, agus a dtiomantas dá fhís chun saolta agus frontair shláintíúla, shábhlíte agus tháirgiúla a bhaint amach.

Ar deireadh, is mian linn buíochas a ghabháil leis an Aire as a thacaíocht i gcaitheamh 2021, agus as a thiomantas leanúnach agus a aitheantas do thábhacht obair an Údarás. Táimid ag súil le hoibriú leis an Aire, agus lena oifigigh sa Roinn, chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gcéad chaibidil eile don Údarás le cur i bhfeidhm *Ráiteas Straitéise 2022–2024* dár gcuid.



An Dr Sharon McGuinness
An Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Tom Coughlan
An Cathaoirleach

Achoimre agus buaicphointí

Táscairí Forfheidhmithe

Tosaíocht Straitéiseach
Rialáil

7,477
cigireacht i gcrích

1,109
imschrúdú i gcrích



céadán na ráiteas
sábhálteachta a
raibh measúnú ar
riosca sábhálteachta
mar chuid díobh

68%
céadán na gcigireachtaí
agus na n-imscrúdúithe
inar glacadh gníomh
forfheidhmithe

18
n-ionchúiseamh
ar diotáil nó go
hachomair

970
idirghabháil faireachas
margaidh ar tháirgí
ceimiceacha

150
idirghabháil faireachas
margaidh ar tháirgí
tionsclaiocha

Fíneálacha a gearradh (€692,750)

Táscairí forbartha reachtaíochta

Tosaíocht Straitéiseach
Tionchar



500

freagra ar
Cheisteanna
Parlaiminte agus
faisnéis tugtha do
RFTF



11

ionchur theicniúla ar
thograí reachtaíochta a
tugadh do RFTF

1

Chód
cleachtais a
seoladh chuig
RFTF

Líon na gcruinnithe/imeachtaí AE/Coistí
Idirnáisiúnta/Meithleacha ar ar freastalaíodh

181 ag fónamh ar 55 coiste (féach ar Aguisín 3)

Tascairí tacaíochta gnó

Tosaíocht Straitéiseach Cur Chun Cinn

19,394



teagháil isteach lenar
pléadh trí Lárionad
Teagmhála an Údarás

Níos mó ná

1,5 milliún

cuaireat ar shuíomh
gréasán HSA

30

treoirbhileog
agus bileog
faisnéise

56,804



cúrsa ar líne a rinneadh ar
hsalearning.ie

27,494

scoláire i mbun
cláir oideachais
Choose Safety

207 iarratas faisnéise REACH a próiseáladh

117 iarratas faisnéise CLP a próiseáladh

316 iarratas ar phleanáil úsáide talún a fuarthas/a próiseáladh

336 fógra faoi aispeist a próiseáladh

Feasacht phoiblí:



87% aontaithe
go bhfuil an
tÚdarás
tábhachtach chun
tímpistí agus
básanna a laghdú

84% aontaithe
go gcaitear go
dáiríre le sláinte
agus sábháilteachta
na bhfostaithe i
m'ionad oibre

88% aontaithe
go gcuireann
bainistíocht
éifeachtach sláinte
agus sábháilteachta
le rath gnó

95% aontaithe
go bhfuil oibrithe ar
an eolas go
maith/go réasúnta
ar chúrsáil sláinte
agus sábháilteachta

Tascairí INAB

Tosaíocht Straitéiseach Creidiúnú

18

gcreidiúnú
bronnta ag
Bord INAB



482 imeacht
measúnaithe
curtha i gcrích

23

iarratas nua ar
chreidiúnú a fuarthas

342

cinneadh
creidiúnaithe le
Bainisteoir INAB

40

cruinníú
idirnáisiúnta
ar ar fhreastail
INAB



170 

iarratas um Shaoráil
Faisnéise a próiseáladh

6 

achomharc um Shaoráil
Faisnéise/Chosaint
Sonraí/Rochtain ar Fhaisnéis
faoin gComhshaol a próiseáladh

8 

n-iarratas ar rochtain ó
ábhar um chosaint sonraí
a próiseáladh

5 iarratas um Rochtaín
ar Fhaisnéis faoin
gComhshaol a
próiseáladh 

204 

comhalta foirne

99% 

de shonraisc a
íocadh laistigh
de 15 lá

Táscairí COVID-19

7,437 

cigireacht COVID-19 chun
comhlíonadh an Phrótaeil um
Oibriú go Sábháilte a sheiceáil

3,714 
iarratais ar
fhaisnéis agus

2,484 gearán

maidir le COVID-19
trí Aonad Teagmhála an Údarás

2,484 

gearán ar pléadh leo maidir le
COVID-19 agus na Prótacail um
Fhilleadh ar an Obair go
Sábháilte/um Oibriú go Sábháilte

125,364

íoslódáil de sheicliostaí
agus teimpléid COVID-19 

28 

teanga chun tacú le hoibrithe
nach labhraíonn Béarla in
earnálacha faoi leith

11 

údarú údaráis inniúil faoi
na Rialacháin ADR a bhain
le COVID-19

Giorrúcháin

ADR – iompar earraí contúirteacha de bhóthar

AE – An tAontas Eorpach

CARACAL – Údarás Inniúil le haghaidh REACH agus CLP

CIF – Cónaидhm Thionscal na Foirgníochta

CLP – Aicmiú, lipéadú agus pacáistíú substaintí agus meascán

COMAH – Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí

EA – Comhar na hEorpa um Chreidiúnú

ECHA – An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

EPA – An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

ETSC – Comhairle Sábháilteachta lompair na hEorpa

EU-OSHA – An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteachta agus Sláinte ag an Obair

ICSMS – An Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh

IE – Éire

INAB – Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

LEEF – Fóram Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair

NPIC – An Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimheanna

OECD – An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

RAPEX – Córas Mear-Rabhaidh AE maidir le hearráí tomhaltais contúirteacha agus cosaint tomháltóirí

REACH – Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Sriam ar Cheimiceáin

REF – Fóram Forfheidhmithe REACH

RIA – Measúnú Tionchair Rialála

RIME+ – Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca

RTBM – An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

RFTF – An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

SACURIMA – Cultúr Sábháilteachta agus Bainistíocht Riosca sa Talmhaíocht

TFC – Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

THOR – An Líonra Taighde Sláinte agus Saothair

Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta


Áirítear na róil seo a leanas le sainordú an Údaráis:

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu a rialáil agus a chur chun cinn.
-
- Feabhsúchán a chur chun cinn i sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu.
-
- Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
-
- Feidhmiú mar údarás faireachais maidir le reachtaíocht ábhartha an mhargaidh Eorpaigh aonair.
-
- Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe le haghaidh na hÉireann.



Ráiteas Straitéise 2019–2021 ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

I Ráiteas Straitéise 2019–2021 ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta,
leagtar amach cúig thosaíocht straitéiseacha, mar a phléitear anseo thíos:



Bord agus Feidhmeannas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Cinneann an Bord beartas oibríochta an Údaráis. Bíonn dháréag comhaltaí ar an mbord: cathaoirleach agus 11 chomhalta a cheapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ceapann an tAire comhaltaí a ainmníonn eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na sainleasanna a bhaineann le rialáil sábháilteachta agus sláinte ceirde agus ceimiceán, fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile ina measc. Ceaptar na comhaltaí ar feadh trí bliana go páirtaimseartha. D'fhéadfá iarraidh ar chomhaltaí dhá théarma a dhéanamh.

Comhalta Boird	Post	Cruinnithe Boird ar ar freastalaíodh in 2021
An Cathaoirleach		
Tom Coughlan	Iar-Phríomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chláir (2009–2016)	9 as 9
Ainmnithe fostóra		
Andrew Bowers	Stiúrthóir Sármhaitheasa Oibríochta, Córas Bainistíochta Fiontair ag Baxter Healthcare Corporation	7 as 9
Frank Kelly	Stiúrthóir Foirgníochta, Walls Construction Ltd.	9 as 9
Paul Kelly	Stiúrthóir, Food Drink Ireland (FDI)	9 as 9
Ainmnithe fostaithe		
Deirdre MacDonald	Iar-Uachtaráin ar Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire	9 as 9
David Hughes	Leas-Ard-Rúnaí, Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann	9 as 9
Michelle Quinn	Eagraí Earnála, an Earnáil Mhórdhíola, Mhiondíola, Dáilte agus Lena mBaineann, SIPTU	9 as 9
Ainmnithe an Aire		
Deirdre Cullinan	Sainchomhairleoir Acmhainní Daonna	9 as 9
Stephen Curran	Príomhoifigeach, an tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	9 as 9
Bríd De Buitléar	Ceannasaí TF agus Oibríochtaí Gnó	7 as 9
Mary Coyne	Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte	9 as 9
Ciarán Roche	Bainisteoir Riosca agus Bainisteoir Sábháilteachta na Cuideachta, FBD Insurance	9 as 9

Bainistíonn an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, i dteannta triúr príomhfheidhmeannach cúnta, cur i bhfeidhm na straitéise de réir fhreagrachtaí reachtúla an Údaráis agus beartas a leagann an Bord síos.

Amhail an 31 Nollaig 2021, d'fhostaigh an túdarás 204 comhalta foirne buan, cigirí, speisialtóirí gairmiúla agus teicniúla, oifigigh creidiúnaithe, riarthóirí agus foireann cléireachais ina measc.

Bord an Údaráis

An Cathaoirleach



Tom Coughlan

Ainmnithe fostóra



Andrew Bowers



Frank Kelly



Paul Kelly


Ainmnithe fostaithe



Deirdre MacDonald



David Hughes



Michelle Quinn

Ainmnithe an Aire



Deirdre Cullivan




Stephen Curran



Bríd De Buitléar




Ciarán Roche



Mary Coyne

Feidhmeannas an Údaráis

An Príomhfheidhmeannach



An Dr Sharon
McGuinness

Na Leas-Phríomhfheidhmeannaigh



Mark Cullen
*An Rannán Comhlíonta
Oibríochta agus Coisc*



Yvonne Mullooly
*An Rannán Ceimiceáin
agus Coisc*



An Dr Kevin De Barra
*An Rannán Seirbhísí
Corporáideacha*

Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Is coiste de chuid an Údarás Sláinte agus Sábhálteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Bíonn dháréag comhaltaí ar Bhord INAB, a dhéanann cinntí a bhaineann le creidiúnú a bhronnadh. Ceapann Bord an Údarás Sláinte agus Sábhálteachta na comhaltaí sin.

Comhalta Boird	Post	Cruinnithe ar ar freastalaíodh in 2021
Ita Kinahan, An Cathaoirleach	Ceimiceoir Stáit, an tSaotharlann Stáit	7 as 7
An Dr Adrienne Duff	Bainisteoir INAB; comhalta Boird ex-officio	7 as 7
Cecilie Laake	Ard-Stiúrthóir, Creidiúnú na hIorua	7 as 7
Raymond Ellard	An Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí, Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann	7 as 7
Jim O'Toole	An Príomhfheidhmeannach, Bord Iascaigh Mhara	7 as 7
Paul Hetherington, An Leas-Chathaoirleach	Stiúrthóir na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta	4 as 4 (ar scor Meitheamh 2021)
Peter Dennehhy	Abhcóide Dlí, Innealtóir Cairete FIEI	5 as 7 (ar scor Nollaig 2021)
Caitríona Fisher	Stiúrthóir Cáiliúchta, Gnóthaí Eolaíochta agus Cumarsáide, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte	5 as 7
Grant Henderson	Sainchomhairleoír gnó	7 as 7 (ar scor Nollaig 2021)
An Dr Micheál Lehane	Bainisteoir Clár, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	5 as 7
John O'Loughlin	Bainisteoir Saotharlainne, Ospidéal an Rotunda	7 as 7
An Dr David Graham	An Príomhfheidhmeannach, Sláinte Ainmhithe Éireann	7 as 7



Tuarascáil faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, éilítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil a fhoilsiú maidir leis an lín noctáí cosanta a rinneadh don chomhlacht poiblí an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar na noctáí cosanta sin (más ann dó).

In 2021, fuair Príomhfheidhmeannach an Údarás, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, 11 nochtadh chosanta ó pháirtithe lasmuigh den Údarás agus a bhain le tríú páirtithe. Tarchuireadh na noctáí ar fad chuig cigírí de chuid an Údarás lena n-imscrúdú. Dúnadh ceithre cinn de na noctáí agus tá na cinn eile fós á n-imscrúdú.

Ní bhfuarthas aon nochtadh go hinmheánach.

1

Tosaíocht Straitéiseach Rialáil

An bhéim ar chomhlíonadh a mhéadú trí chigireacht agus forfheidhmiú bunaithe ar riosca

SPIROC STRAITÉISEACH

Leanúint ag spreagadh béim mhéadaithe ar shláinte agus sábháilteacht a bhaineann leis an obair.

DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021

- ▶ D'ainneoin ár róil maidir le COVID-19 i rith 2021, lean na cigireachtaí ag díriú ar na príomhghuaiseacha agus ar na príomhrioscaí a sainaithníodh i ngach earnáil tosaíochta faoi Ráiteas Straitéise 2019–2021 dár gcuid. Tugtar lón na cígireachtaí le haghaidh gach earnála in Agusín 2.
- ▶ Sa **talmhaíocht**, thugamar faoi thrí dhianfheachtas a dhírigh ar bhainistiú na rioscaí a bhaineann le láimhseáil shábháilte beostoic, tarracóirí agus innealra, agus oibriú ar airde. Thugamar faoi chlár cigireachtaí réamhghnionmhacha freisin.
- ▶ San **fhoirgníocht**, díriodh na cigireachtaí ar bhainistiú na rioscaí a bhaineann le hoibriú ar airde, sábháilteach feithiclí a bhaineann leis an obair agus bainistiú tráchta ar an láthair, agus ceisteanne a bhaineann le láimhisiú sábháilte. Thug an tÚdarás faoi dhá fheachtas cigireachta a dhírigh ar na rioscaí sin.
- ▶ I sláinte agus cúram sóisialach, dhírigh cigireachtaí i raon suíomhanna (ospidéil ghéarmhíochaine, tithe altranais, cúram cónaitheach, agus seirbhísí pobail) ar chomhlíonadh ceanglas le haghaidh cosaint fostaithe ar an mbaol a bhain le neamhchosaint cheirde ar COVID-19. Tugadh aghaidh ar ghuaiseacha eile, lena n-áirítear foréigean agus forrántacht a bhaineann leis an obair, láimhseáil other, agus sciorrthaí, tuislí agus titimí.
- ▶ San earnáil **déantúsaíochta**, leanadh leis an bhfócas sonrach ar mhonarchana próiseála feola agus ar mhonarchana próiseála bia, agus tugadh faoi chigireachtaí i monarchana próiseála feola a bhí cláraithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chun comhlíonadh ceanglais sábháilteachta agus sláinte ceirde agus an Phrotacail um Oibriú go Sábháilte maidir le COVID-19 a sheiceáil.
- ▶ San earnáil **iompair agus stórála**, díriodh na cigireachtaí ar bhainistiú na rioscaí a bain le gnáthoibriochtaí iompair, idirghníomhaíochtaí idir coisithe agus feithiclí, agus bainistiú tráchta san ionad oibre. Anuas ar chigireachtaí réamhghnionmhacha, tugadh faoi dhianfheachtas cigireachta coicíse inar díriodh go sonrach ar gach ceann de na guaiseacha sin.

SPRIOC STRAITÉISEACH


DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021

Leanúint ag spreagadh béim mhéadaithe ar shláinte agus sábháilteachta a bhaineann leis an obair.

Ar lean

- ▶ Chuir an tÚdarás feachtas spriocdhírithe i gcrích freisin inar díríodh ar oibríochtaí iompair agus rioscaí feithicle i réimse earnálacha (iompar agus stóráil, miondól agus trádstóráil, déantúsaíocht, dramhaíl agus athchúrsáil, agus dugaí agus calafoirt). Tugadh faoi chigireachtaí ar dhugaí, le fócas ar struchtúir bainistíochta sábháilteachta, oibríochtaí tábhachtacha iompair, agus bainistiú tráchta agus coisithe. Bhí fianaise ar fheabhsuithe i leaganacha amach ionaid oibre, scaradh coisithe/feithicí, agus bearta ionduchtúcháin sábháilteachta le feiceáil, i ndiaidh fheachtas cigireachta 2020. Cuireadh príomhthorthaí an fheachtas in iúl do na príomhpháirtithe leasmhara.
- ▶ Tugadh faoi dhá fheachtas cigireachta foirgníochta; díríodh iad siúd ar oibriú ar airde agus na rioscaí a eascraíonn as láimhsíú sábháilte. Tháinig an feachtas cigireachta a dhírigh ar cheisteanna láimhsithe shábháilte i bhfoirgníocht i ndiaidh seimineár gréasáin ar bhainistíocht riosca eirgeanamaíochta, a tionóladh chun tacú leis an bhfeachtas 'Lighten the Load' de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteachta agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA).
- ▶ Chuireamar i bhfeidhm dhá fheachtas sábháilteachta le haghaidh cairéal. Ritheadh an chéad cheann i gcomhar le Cónaídhm Coincréite na hÉireann (an feachtas 'Spring Safety') agus díríodh é ar shábháilteacht feithicí agus coisithe. Díríodh an dara feachtas ar fheachtas iarchúraim tar éis an fheachtas cigireachta déantúsaíochta coincréite réamhstrusta a ritheadh in 2016. Ba é príomhthoradh an fheachtas sin gur cothaíodh den chuid is mó na caighdeáin fheabhsaithe a baineadh amach in 2016. I lón beag láithreán, bhí roinnt sáraithe le brath, go háirithe maidir le cosaint oibrithe i rith oibríochtaí strusta.

Thug an tÚdarás faoi **7,477** cigireacht réamhghníomhach san iomlán a thug aghaidh ar cheisteanna sábháilteachta agus sláinte ceirde.



As na cigireachtaí sin, sheiceáil 7,437 comhlíonadh an Phrótagail um Oibriú go Sábháilte.

SPRIOC STRAITÉISEACH

DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021

An clár cigireachta a mhéadú agus a leathnú, agus díriú ar rioscaí níos airde, cuideachtaí nach bhfuil ag comhlónadh mar is ceart agus oibrithe leochaileacha.

- ▶ Thug an tÚdarás faoi 7,477 cigireacht réamhghníomhach san iomlán a thug aghaidh ar cheisteanna sábhálteachta agus sláinte ceirde. As na cigireachtaí sin, chloigh 7,437 leis an bPrótacal um Oibriú go Sábhálte.
- ▶ Bhí ráiteas sábhálteachta ullmhaithe ag 83% de na hionaid oibre. Bhí na measúnuithe riosca sábhálteachta agus sláinte riachtanacha i 90% de na ráitis sábhálteachta sin. I 34% de na cásanna, d'éilih an cigire ar an té ar a raibh dualgas feabhsuite eile a chur ar an ráiteas.
- ▶ Measadh gur ghnáthchigireachtaí 88% de na cigireachtaí, rud a chiallaíonn gur roghnaíodh iad ó bhunachar sonraí an Údarás roimh ré toisc go raibh siad in earnálacha lena ngabhann riosca níos airde. Díródh ar roinnt díobh mar chuid de na dianfheachtais chigireachta i bhfoirgníocht, talmhaíocht, iompar agus stóráil. Bhí 12% de na cigireachtaí beartaíthe agus ag leanúint as forfheidhmithe roimhe sin.
- ▶ As an 7,477 cigireacht réamhghníomhach, rinneadh 1,383 cigireacht ar cheimiceáin.
- ▶ Tugadh aghaidh ar rialú oibreán ceimiceach agus ar aispeist i gcigireachtaí. Tugadh aghaidh ar rialú múiche táthaithe in ionaid oibre ábhartha agus cuireadh chun cinn an treoir nua maidir le múch táthaithe.
- ▶ Phróiseáil an tÚdarás 336 fógra faoi aispeist.
- ▶ Cuireadh SARS-CoV-2 (an gníomhaí is cúis le COVID-19) le Cód Cleachtais 2020 maidir le hOibreáin Bhitheolaíocha, trínar tugadh isteach ceanglais tuairiscithe faoi Rialachán 12 de na Rialacháin um Shábhálteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíocha), I.R. Uimh. 572/2013, arna leasú le haghaidh ionaid oibre áirithe, m.sh. cúram sláinte nó saotharlanna.
- ▶ Fuair an tÚdarás 869 tuairisc faoi oibreáin bhitheolaíocha COVID-19 san iomlán. I rith 2021, fuarthas 12 fhógra faoi oibreáin bhitheolaíocha ó shaotharlanna le haghaidh obair le hoibreáin áirithe freisin. Anuas ar chigireachtaí COVID-19, thug an tÚdarás faoi chigireachtaí a díródh ar oibreáin bhitheolaíocha san ionad oibre.

As an **7,477** cigireacht
réamhghníomhach, rinneadh
1,383 cigireacht ar cheimiceáin.



SPRIOC STRAITÉISEACH

DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021

Feidhmiú mar an príomhúdarás náisiúnta inniúil ar cheimiceáin agus faireachas margaidh.

- ▶ Forghníomhaíodh róil an údaráis inniúil agus an údaráis náisiúnta ainmnithe maidir le reachtaíocht ceimiceán agus faireachais margaidh an Aontais Eorpacha i raon réimsí beartais agus cigireachtaí.
- ▶ I réimse COMAH (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí), rinneadh cigireacht ar 91 láithreán sonrach Shraith I agus II agus rinneadh 74 cigireacht eile ar láithreáin ina stóráiltear substaintí contúirteacha faoi bhun thairseach an rialaithe guaiseacha mórtionóiscí. Faomhadh sé thuarascáil sábhálteachta. Próiseáladh 316 iarratas ar phleanál úsáide talún.
- ▶ Fuair agus d'fhreagair an deasc náisiúnta chabhrach le haghaidh REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin) agus CLP (Aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán) 207 ceist REACH agus 117 ceist CLP.
- ▶ As an 265 cigireacht REACH agus CLP a cuireadh i gcrích, cuireadh 11 iniúchadh mhionsonraithe i gcrích ar fhaisnéis sa slabhra soláthair le hallmhaireoirí, foirmleoirí agus dáileoirí. Phléigh an tÚdarás le 21 tarchur cláraithe forfheidhmithe a bhain le cláraithe in Éirinn (IE) ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) freisin.
- ▶ Bhíomar páirteach in imeachteáil éagsúla faoin Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht ón Aontas Eorpach. Dírfodh sna himeachtaí ar na topaíci seo a leanas: substaint amháin, measúnú amháin; athchóiriú ar údarú agus srianadh REACH; simplíú agus digitíú an lipéadaithe; agus critéir a forbairt le haghaidh aicme nua guaise .i. substaintí Seasmhacha, Gluaisteacha agus Tocsaineacha (PMT).
- ▶ Chuir an tÚdarás dhá thogra aicmithe agus lipéadaithe chomhchuibhithe faoi bhráid ECHA. D'aontaigh Coiste Measúnaithe Riosca ECHA an togra aicmithe agus lipéadaithe chomhchuibhithe Éireannach a cuireadh faoi bhráid ECHA in 2020. I ndiaidh meastóireacht substainte ar Phlean Gníomháochta Forásach Pobail ECHA de chuid na hÉireann in 2021, cuireadh dréacht-chinneadh faoi bhráid ECHA freisin.
- ▶ D'athbhreithní an tÚdarás dréacht-chinntí ECHA ar chúig shubstaint agus 32 meastóireacht comhaid. D'athbhreithní an tÚdarás sé freisin dréacht-straitéis rialála le haghaidh grúpa substaintí a d'ullmhaigh ECHA.
- ▶ Chuir saineolaí na hÉireann ar an gCoiste Measúnaithe Riosca tuairim amháin i gcrích mar rapóirtéir le haghaidh iarratais ar údarú agus ceapadh an saineolaí mar rapóirtéir ar thogra srianta, agus ceapadh an saineolaí freisin mar bhall den mheitheal rapóirtéara, chun tacú le rapóirtéir ceaptha ar thogra srianta.
- ▶ Ceapadh saineolaí Choiste na hÉireann um Anailís Shocheacnamaíoch mar rapóirtéir ar iarratas údaraithe amháin agus ar mheitheal chun tacú le rapóirtéir ar thogra srianta. Lean an tÚdarás lena thacaíocht do bheirt saineolaithe na hÉireann chun go gcomhlíonfaidís a ndualgais mar bhaill den Choiste Measúnaithe Riosca agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch.
- ▶ Ag Coiste Airteagal 133 REACH, phléigh ionadaithe an Údaráis, agus chuir siad le, 42 iarratas ar údarú, ceithre thogra srianta, agus seacht mbeart eile chun Rialachán REACH (CE) Uimh. 1907/2006 a neartú ar Chláru, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin (REACH).

SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
<p>Feidhmiú mar an príomhúdarás náisiúnta inniúil ar cheimiceáin agus faireachas margaidh. <i>(Ar lean).</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Chuir an tÚdarás tuarascáil i gcrích ar Anailís ar Roghanna Bainistíochta Riosca agus chuir sé le críochnú thuarascáil ECHA, Forum REF-8 project report on enforcement of CLP, REACH and BPR duties related to substances, mixtures and articles sold online. ▶ Ag cruinniú Mheitheal Rialachán na nGlanach de chuid an Aontais Eorpaigh, chuir an tÚdarás le plé ar leasú molta ar larscríbhinn VIIa maidir le lipéadú oibreán caomhnaithe, staidéar ar shimplí na gceanglas lipéadaithe le haghaidh ceimiceán, agus athbhreithniú ar Rialachán (CE) na nGlanach, Uimh. 648/2004. ▶ Mar cheann d'údarás ainmnithe na hÉireann le haghaidh Rialachán (AE) Rotterdam Uimh. 649/2012 maidir le honnmhairíú agus allmhairíú ceimiceán guaiseach, phróiseálamar sé cheist faoi onnmhairíú/allmhairíú agus 15 fhógra onnmhairithe. Chuireamar le dhá chruiinníú le haghaidh údarás ainmnithe agus cruinníú Choiste REACH amháin faoi Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 agus chuireamar tráchtaireacht faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le fógra onnmhairithe AE amháin. Chuireamar tuarascáil 2021 le haghaidh Airteagal 10 ina dtugtar achoimre ar ghníomhaíocht trádála chomhiomlán in Éirinn ar onnmhairithe agus allmhairithe ceimiceán a liostaítear in larscríbhinn I faoi bhráid Choimisiún an Aontais Eorpaigh. ▶ Thug an tÚdarás faoi 666 cigireacht iompair earraí contúirteacha de bhóthar (ADR), lena n-áirítear 240 cigireacht ar áitreabh agus 426 cigireacht ar fheithiclí earraí contúirteacha. Anuas air sin, rinneamar 269 seiceáil ar fheithiclí earraí neamh-chontúirteacha. Eisíodh 16 údarú údarás inniúil, 11 díobh a bhain le cursaí COVID-19; bhain an chuid eile le ceisteanna eile a bhain le hiompar earraí contúirteacha. I ndiaidh roinnt cigireachtaí ADR ar iompar bithmheatáin a tháirgtear ó dhíleá anaeróbach, ullmhaíodh nóta eolais chun cabhrú le páirtithe leasmhara. ▶ Eisíodh 49 Fógraí um íocaíocht Shocraithe faoin lompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR), as ar eascraig fíneálacha €19,700.



Thug an tÚdarás faoi 666 cigireacht iompair earraí contúirteacha de bhóthar (ADR), lena n-áirítear 240 cigireacht ar áitreabh agus 426 cigireacht ar fheithiclí earraí contúirteacha.


SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
<p>Ceanglais faireachais margaidh na dtáirgí a dhíoltar ar mhargadh na hÉireann a fhorfheidhmiú, na táirgí a dhíoltar le tomholtóirí ina measc.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ D'fhorbair an tÚdarás treoir cláraithe céim ar chéim chun cabhrú le cuideachtaí a chinneadh an bhfuil oibleagáidí cláraithe acu le haghaidh ceimiceán faoi Rialachán REACH mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Bhain na príomhdhúshláin le cuideachtaí ar dháileoirí ceimiceán iad. Thug deasc chabhrach an Údarás aghaidh ar cheisteanna faoi na ceanglais athraithe. D'fhoilsigh an tÚdarás eolas freisin chun tacú le hallmhaireoirí nua ceimiceán a raibh tionchar ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach orthu. <p>Táirgí ceimiceacha</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ Rinneadh measúnú ar 970 táirge ceimiceach ar mhargadh na hÉireann le feiceáil ar chomhlón siad ceanglais faoi REACH (Iarscríbhinn II – Bileog Sonrai Sábháilteachta, Iarscríbhinn XVII – Srianá), CLP (aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán) agus Rialachán na nGlanach. Dhírigí na seiceálacha sin ar tháirgí a bhain le foirgníocht, táirgí mórdhíoltóirí gluaisteán, glantaigh agus táirgí a díoladh ar líne. Anuas air sin, rinneadh scagthástáil ar sheodra agus earraí miontail, agus earraí leathair, le speictriméadar fluaraiseachta x-ghathaí (XRF) agus/nó rinneadh measúnú orthu i saotharlann tástála ag lorg luaidhe, nicile, caidmiam nó chróimiam VI mar a sriantar iad faoi REACH. ▶ Rinneadh measúnú ar 99 foláireamh RAPEX de chuid an Aontais Eorpaigh a bhain le ceimiceán shrianta agus measúnaíodh iad chun a chinneadh an raibh siad ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I ndiaidh seiceálacha imscrúdaithe, cinneadh nach raibh 78 (79%) de na táirgí a measúnaíodh faoi RAPEX ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I gcás na bhfoláireamh eile, sainaithníodh soláthróirí agus chuathas i dteagmháil leo chun táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint den mhargadh. ▶ Ghlac an tÚdarás páirt i dTionscadal Forfheidhmithe REACH (REF-9) de chuid ECHA ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le húdarú. Rinneadh cigireacht ar 13 chuideachta agus freagraíodh 19 gceistneoir maidir le naoi substaint a bhí faoi réir údarú mar chuid den tionscadal. Cuirfear céim thuiriscithe an tionscadail i gcrích in 2022. ▶ Baineadh 87 cineál táirge cheimicigh den mhargadh agus cuireadh deireadh le díol 61 táirge eile leis an bpobal ginearálta mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceanglas lipéadaithe agus pacáistithe faoi Rialachán (CE) CLP Uimh. 1272/2008 maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán, agus mar gheall ar shubstaítí srianta nó substaintí a bhíonn faoi réir údarú mar a rialáltear faoi Rialachán REACH a bheith ina láthair.

SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
<p>Ceanglais faireachais margaidh na dtáirgí a dhíoltar ar mhargadh na hÉireann a fhorfheidhmiú, na táirgí a dhíoltar le tomholtóirí ina measc.</p>	<p>Táirgí tionsclaíocha</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ Tugadh faoi mheasúnuithe ar 150 táirge tionsclaíoch (lena n-áirítear 61 measúnú ar threalamh cosanta pearsanta) le haghaidh comhlíonadh na rialachán faireachais margaidh ábhartha. Baineadh táirgí neamhchomhlíonta a fuarthas den mhargadh. ▶ Seiceáladh 178 foláireamh RAPEX a bhain le táirgí tionsclaíocha (lena n-áirítear 139 le haghaidh trealamh cosanta pearsanta) chun a chinneadh an raibh na táirgí ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I ndiaidh seiceálacha imscrúdaithe, cinneadh nach raibh 95% de na táirgí ar tugadh fógra fúthu faoi RAPEX ar fáil. I gcás na dtáirgí eile, sainaithníodh soláthróirí agus chuathas i dteagmháil leo, agus ordaíodh dóibh táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint den mhargadh. ▶ Rinneadh monatóireacht i gcaitheamh na bliana ar Chóras Faisnéise agus Cumarsáide na hEorpa maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS). Rinneadh measúnú ar 114 táirge tionsclaíoch, agus glacadh gníomh leantach i leith sé tháirge neamhchomhlíonta a fuarthas ar mhargadh na hÉireann. ▶ Tuairiscíodh agus athbhreithníodh 1,033 tuarascáil scrúdaithe reachtúil ar innealra, brú-threalamh agus ardaitheoirí, mar a éilítear faoi I.R. Uimh. 229/2007 – na Rialacháin um Shábháilteach, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007. Theastaigh beart leantach leis an té ar a raibh dualgas i gcás 15% de na tuarascálacha. ▶ Lean an túdarás ag tacú le RFTF maidir le cúrsaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 2010/35/AE maidir le brú-threalamh iniompair trí chomhairle theicniúil a sholáthar le haghaidh cáipéis chomhairliúcháin ón gCoimisiún Eorpach a bhain le nósanna imeachta coimirce agus cúrsaí a bhain le comhlachtaí ainmnithe.

<p>Gníomh forfheidhmithe comhréireach a thógál chun comhlíonadh a spreagadh agus a chinntiú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Cuireadh 1,109 imscrúdú i gcrích i bhfianaise timpistí agus gearán a fuarthas. ▶ As na himscrúduithe sin, rinneadh 46 i dtalmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht; rinneadh 380 i bhfoirgníocht; agus 67 i gcúram sláinte. ▶ D'eascair gníomhartha forfheidhmithe foirmiúla as 524 cigireacht agus imscrúdú (6.2% de na hionaid oibre), Fógraí Toirmisc agus Fógraí Feabhsúcháin ina measc. ▶ I gcás 5,284 cigireacht agus imscrúdú thug an cigire Tuarascáil Cigireachta don té ar a raibh dualgas, a d'éilih feabhsúcháin a dhéanamh. B'ionann sin agus 61% de na cigireachtaí/imscrúduithe láithreáin. ▶ Cuireadh 18 n-ionchúiseamh i gcrích, 16 cinn ar díotáil agus péire a ionchúisíodh go hachomair, ar eascair fineálacha €692,750 san iomlán astu. Bhí ceithre cinn de na 16 ionchúiseamh ar díotáil in aghaidh daoine aonair.
--	--

SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
<p>Tograí rialála agus beartais a chur faoi bhráid an Aire.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ D'fhoilsigh an tÚdarás Cód Cleachtais 2021 maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (2001–2021) agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaigní) (2001–2019). Thacaigh an Cód Cleachtais sin le trasúi Threoir (AE) 2019/1831 ón Aontas Eorpach trínar tugadh isteach luachanna teorann nua le haghaidh deich substaint. Cuireadh ionaid oibre ábhartha ar an eolas faoi luachanna teorann nochta ceirde nua agus reatha. ▶ Thacaigh an tÚdarás le RFTF i socrú dlíthiúil na Rialachán maidir le Feithiclí Ilraoin. I.R. Uimh. 619 de 2021 – Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (Uimh. 2), 2021 ▶ Thugamar tacaíocht theicniúil do RFTF maidir le forbairt reachtach sna réimsí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ▶ Faireachas margaidh agus comhlíonadh tárgí san Aontas Eorpach ▶ Treoir AE maidir le hInnealra (i.e. Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus Treoir leasaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) ▶ lompar earraí contúirteacha de bhóthar (ADR) ▶ An ceathrú leasú ar Threoir (AE) 2019/1831 maidir le Carcanaigní agus Só-ghineacha maidir le cosaint oibrithe ó na priacail a bhaineann le nochtadh do charcanaigní agus só-ghineacha ag an obair. ▶ I.R. Uimh. 28/2008 – Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil), 2008 ▶ Mar chuid den tacaíocht don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus RFTF, d'fhreagair an tÚdarás 500 ceist, lena n-áirítear ábhar tagartha a thabhairt le haghaidh freagraí ar 67 Ceist Pharlaiminteach. ▶ Tá liosta ionlán den reachtaíocht, na cóid cleachtais agus treoir a d'fhoilsigh an tÚdarás in Agusín 4.

D'fhoilsigh an tÚdarás Cód Cleachtais 2021 maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (2001–2021) agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaigní) (2001–2019).



2

Tosaíocht Straitéiseach Cur Chun Cinn

Tacaíocht, oideachas agus níos mó feasachta a chur ar fáil chun timpistí, gortuithe agus drochshláinte a chosc

SPRIOC STRAITÉISEACH

Leanúint ag méadú faisnéise agus tuisceana ar an gcaoi le sláinte agus folláine a bhaineann leis an obair a bhainistiú.

DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021

- ▶ Chuireamar feachtas mhóra i bhfeidhm chun feasacht a mhéadú maidir leis an talmhaíocht i raon leathan meán, an teilihís, an raidió, na meáin chlóite agus na meáin dhigiteacha san áireamh.
- ▶ I gcomhar le ISME, Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann, léiríomar sraith físeán faoi strus agus aighneas ag an obair a bhainistiú, agus d'eagraíomar seimineár gréasáin faoi strus ag an obair a bhainistiú le haghaidh frontair bheaga agus mheánmhéide.
- ▶ Forbraíodh cursa ar líne dar teideal 'Health and Safety for Seasonal Workers in Horticulture' agus aistríodh é go deich dteanga.
- ▶ Reáchtálamar sraith de sheimineáir ghréasáin eirgeanamaíochta faoi mheasúnú riosca agus bainistiú riosca eirgeanamaíochta, lena n-áirítear ceann amháin a thacaigh leis an bhfeachtas 'Lighten the Load' de chuid EU-OSHA. Thionólamar seimineár gréasáin freisin faoi riosca eirgeanamaíochta agus síceasóisialta a bhainistiú nuair a bhítear ag obair ón mbaile. Taifeadadh na seimineáir ghréasáin ar fad agus cuireadh ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údarás iad mar acmhainn úsáideach le haghaidh páirtithe leasmhara.
- ▶ D'ullmhaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre i gcompháirt lena chéile *Code of Practice for Employers and Employees on the Prevention and Resolution of Bullying at Work*, Cód Cleachtais a tháinig i bhfeidhm ar an 20 Nollaig 2020 agus ar fógraíodh a fhoilseachán san Iris Oifigiúil ar an 26 Eanáir 2021. Cuireadh an Cód Cleachtais sin chun cinn ag imeachtaí éagsúla ar líne le haghaidh páirtithe leasmhara i rith 2021. Anuas air sin, d'eagraigh an tÚdarás ceardlanna le Comhairlí Contae éagsúla faoi ghnéithe áirithe den Chód Cleachtais sin. D'oibrigh an tÚdarás leis an earnáil oideachais chun imeachtaí ar líne a eagrú chun an Cód Cleachtais sin a chur chun cinn.
- ▶ Forbraíodh cuid mhaith den treoir faoi oibreáin bhitheolaíocha le haghaidh saotharlann in 2021 agus foilseoidh an tÚdarás í in 2022.
- ▶ Fuair suíomh gréasáin an Údarás (www.hsa.ie) níos mó ná 1.5 milliún cuairt uathúil agus taifeadadh níos mó ná 350,000 íoslódáil ar fhoilseacháin an Údarás.

SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
<p>Leanúint ag méadú faisnéise agus tuisceana ar an gaoi le sláinte agus folláine a bhaineann leis an obair a bhainistiú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Rianaigh an phobalbhreith bhliantúil le REDC meonta i leith na sláinte agus na sábhálteachta san ionad oibre agus léiríodh faoin daonra oibre a ndearnadh suirbhéireacht orthu: <ul style="list-style-type: none"> ▶ aontaíonn 87% go bhfuil obair an Údarás tábhachtach chun cabhrú le timpistí agus básanna san ionad oibre a laghdú. ▶ aontaíonn 84% go gcaitear go dáiríre le sláinte agus sábhálteachta na bhfostaithe ina n-ionad oibre. ▶ aontaíonn 88% go gcuireann bainistíocht éifeachtach sláinte agus sábhálteachta le rath gnó. ▶ aontaíonn 95% d'oibrithe go bhfuil siad ar an eolas go maith/go réasúnta ar chúrsaí sláinte agus sábhálteachta. ▶ Chuaigh an tÚdarás i gcomhpháirt leis an iris fleet TRANSPORT chun ailt a chur ar fáil faoi raon topaicí a bhaineann le bainistiú riosca feithiclí a bhaineann leis an obair agus atá ábhartha do ghníomhaíochtaí lastais, iompair, lóistíochta agus dálte. ▶ Chuireamar feachtas i bhfeidhm chun feasacht a mhéadú maidir le feithiclí ag an obair ar fud na meán digiteach agus foilsíodh an podchraoladh Watch Out – Vehicles at Work.

Aontaíonn 88% go gcuireann bainistíocht éifeachtach sláinte agus sábhálteachta le rath gnó.



SPRIOC STRAITÉISEACH

DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021

Feasacht a mhéadú ar uirlísí agus seirbhísí ar líne an Údaráis, BeSMART.ie, hsalearning.ie agus Work Positive^{CI} ina measc, agus a n-úsáid a spreagadh.

- ▶ Aistríodh BeSMART.ie chuig ardán nua a fheabhsaíonn feidhmiúlacht agus slándáil leanúnach d'úsáideoirí cláraithe. Laistigh de BeSMART.ie, rinneamar nuashonrú agus feabhsúcháin ar cháipéisi agus grafaicí Learn More freisin. Bhí 8,672 clárúchán nua ar BeSMART.ie, a thug an lín ionlán go 86,834.
- ▶ Rinneadh 56,804 cursa ar líne san ionlán ar hsalearning.ie, a d'fhág go ndearnadh 209,218 cursa san ionlán.
- ▶ Mionathraíodh an uirlis Work Positive^{CI} go luath in 2021 chun aghaidh a thabhairt ar COVID-19. Bhí os ciolln 10,000 cuairteoir nua ar shuíomh gréasáin na huirise Work Positive^{CI} (www.workpositive.ie) tar bheagnach 12,000 seisiún. Chláraigh 32 cuideachta nua le Work Positive^{CI} agus cuireadh 941 suirbhé síceasóisialta fostai ar líne i gcrích. Cuireadh an uirlis Work Positive^{CI} chun cinn i rith imeachtaí ar líne a thug aghaidh ar strus a bhaineann leis an obair.
- ▶ Bhí 14,825 úsáideoir cláraithe ar an uirlis measúnaithe riosca ar líne don fheirm, farmsafely.com.
- ▶ Chuaigh an tÚdarás i gcomhpháirt le ISME chun sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chur chun cinn trí shraith alt agus fógraí ar fhoilseacháin ISME, agus ar shuíomh gréasáin ISME. D'fhorbraíomar freisin sraith físeán faoi strus agus d'eagraíomar dhá sheimineár gréasáin – ceann faoin gcianobair agus ceann faoi strus agus aighneas ag an obair a bhainistiú.
- ▶ Chuireamar cainteoirí ar fáil d'imeachtaí chun tacaíochtaí, uirlísí agus acmhainní gnó agus oideachais an Údaráis a chur chun cinn, agus chuireamar ailt ar fáil le haghaidh raon foilseacháin páirtithe leasmhara.
- ▶ Reáchtáladh feachtas feasachta ar na meáin shóisialta i gcomhar le feachtas cigireachta agus tharraing siad aird ar an raon comhairle agus tacaíochta atá ar fáil. Bhí 15,361 lucht leanúna ag an Údarás ar Twitter agus 46,496 ar Facebook.

Rinneadh 56,804 cursa ar líne san ionlán ar hsalearning.ie, a d'fhág go ndearnadh 209,218 cursa san ionlán.



SPRIOC STRAITÉISEACH

DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021

Faisnéis agus treoir a thabhairt chun a chur ar chumas daoine ar a bhfuil dualgais tuiscint a fháil ar na tairbhí a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus ceimiceáin a bhainistiú go réamhghníomhach ar na caighdeán is airde.

- ▶ Pléadh le 19,394 teagmháil isteach, a chuimsigh raon ceisteanna agus gearán, trí Lárionad Teagmhála an Údarás. Cé gur laghdaigh lín na n-iarratas ar fhaisnéis 26% i gcomparáid leis an mbliaín roimhe, mhéadaigh lín na ngearán 16% sa tréimhse chéanna. Léiríonn an t-athrú ar an lín idir 2020 agus 2021 na riachtanais i dtaobh COVID-19 a bhí ag athrú seasta i gcaitheamh 2021, agus an lín ard faisnéise a cuireadh ar fáil sna seicliostaí agus na teimpléid a bhain leis an bPrótacal um Oibriú go Sábháilte.
- ▶ I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, d'fhoilsíomar treoir nuashonraithe dar teideal Employees with Disabilities – An employer's guide to implementing inclusive health and safety practices for employees with disabilities.
- ▶ D'óstáil an túdarás seimineár gréasáin i gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimheanna (NPIC) chun maoir ag a bhfuil dualgas a chur ar an eolas faoin gcaoi le faisnéis ghuaise faoi mheascáin cheimiceacha a fhógaírt do NPIC.
- ▶ D'fhoilsíomar A Review of Work-Related Deaths Involving Vehicles in Ireland 2010–2019. Dhírígh an tuarascáil ar shaintréithe na mbásanna tuairiscithe a bhain leis an obair a raibh feithiclí bainteach leo.
- ▶ D'fhoilsíomar freisin A Review of Work-Related Fatalities in Agriculture in Ireland 2011–2020. Bhí an tuarascáil bunaithe ar shonraí cuimisitheacha ar na heachtraí ar fad a bhain leis an obair agus ina bhfuair duine bás san earnáil talmhaíochta in imeacht deich mbliana.
- ▶ Foilsíodh bileog eolais leasaithe Safe Motor Vehicle Repair and Maintenance i rith 2021, agus nuashonraíomar freisin an tairseach rioscaí lompair agus Feithiclí ar www.vehiclesatwork.ie.
- ▶ I dteannta an Gharda Síochána agus an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, d'fhorbraíomar comhthairseach acmhainní a dhíríonn ar oibríochtaí Flít Trucailí Sábháilte. Chuimsigh an tairseach podchraoltaí, cuir i láthair, naisc chuig acmhainní tábhachtacha agus staidreamh nuashonraithe faoi bhásanna trucailí agus sáruithe coitianta. D'fhorbraíomar treoir agus comhairle faoi oibríochtaí leoraithe scipe sábháilte freisin.
- ▶ D'fhoilsíomar bileog eolais atá thírithe ar mhiondíoltóirí a dhíolann táirgí ceimiceacha ar líne agus i siopáí fisiciúla, chun feasacht a mhéadú ar fud na hearnála miondísíla faoin ngá atá le bileoga sonraí sábháilteachta a sholáthar le haghaidh úsáideoirí gairmiúla.
- ▶ D'fhoilsíomar agus thosaíomar ar chur chun cinn na treorach leasaithe maidir le comhairle pleanála úsáide talún teicniúla faoi Rialacháin COMAH, I.R. Uimh. 209/2015 – na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóisci ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist).

SPRIOC STRAITÉISEACH**DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021**

Acmhainní oideachais a sholáthar don chóras oideachais foirmiúil agus don ionad oibre.

- ▶ Cuireadh an clár Choose Safety (2020/21) i láthair 27,494 scoláire i 564 iar-bhunscoil agus institiúid ardoideachais. Ba é sin an lín ba mhó rannpháirtithe ón iar-bhunscoil riamh. Chláraigh 85 iar-bhunscoil agus institiúid ardoideachais le haghaidh suaitheantais dhigiteacha, agus bronnadh 2,987 suaitheantas ar fhoghlaimeoirí. Nuashonraíodh agus athdhearadh na téacsleabhair Choose Safety don bhliain nua acadúil.
- ▶ Cuireadh Choose Safety, hsalearning.ie agus acmhainní digiteacha eile le haghaidh scoileanna chun cinn trí imeachtaí Ghréasán na nIonad Oideachais a eagrú agus trí phostálacha rialta ar leathanach Facebook Choose Safety.
- ▶ Thugamar ionchur ar an gcaoi le ceanglais sábháilteachta agus sláinte ceirde a chomhtháthú i dtorthaí foghlama an chláir printíseachta tiománaí d'fheithiclí earraí tromá a stiúir Freight Transport Association Ireland, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh.

Eolas agus feasacht ar na dainséir a bhaineann le táirgí ábhartha agus ceimiceáin ghuaiseacha a mhéadú.

- ▶ Chothaíomar feasacht ar oibleagáidí nuair atáthar ag díol táirgí ceimiceacha ar líne trí leathanach gréasáin nua a chruthú atá dírithe ar mhiondíoltóirí a dhíolann ceimiceáin ar líne agus i siopaí fisiciúla araon.
- ▶ Taifeadadh podchraoladh a thairg comhairle do thomholtóirí faoin gcaoi lena féin a chosaint nuair atá siad ag ceannach ceimiceán ar líne, agus cuireadh ar fáil ar shuíomh gréasáin HSA é.



**Cuireadh an clár
Choose Safety
(2020/21) i láthair
27,494 scoláire i
564 iar-bhunscoil
agus institiúid
ardoideachais.**

3

Tosaíocht Straitéiseach Creidiúnú

An tseirbhís náisiúnta creidiúnaithe a fhás chun fiontair agus seirbhísí poiblí a chumasú agus chun tacú leo

SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
Straitéis náisiúnta creidiúnaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none">▶ Forbraíodh agus cuireadh an Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe i gcrích in 2021. Seolfar go luath in 2022 í agus leagtar amach inti treochlár cúig bliana chun aitheantas, tairbhí agus glacadh chreidiúnú INAB a fhás.▶ Tionóladh roinnt cruinnithe le páirtithe leasmhara (21) chun réimsí nua agus spleodracha creidiúnaithe a phlé. Áiríodh leis na páirtithe leasmhara an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil; an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre; an Roinn Comhshaoil, Cumarsáide agus Aeráide; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte; an Garda Síochána; agus an Roinn Dlí agus Cirt.▶ Leanadh leis an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na moltaí sa tuarascáil ar shuíomh agus struchtúr INAB.
Luach an chreidiúnaithe neamhspleách a chur chun cinn chun muinín as cálíocht agus caighdeán na seirbhísí poiblí agus príobháideacha a thógail.	<ul style="list-style-type: none">▶ Reáchtáladh Lá Domhanda an Chreidiúnaithe ar an 9 Meitheamh 2021 agus ba é a théama 'How accreditation and accredited conformity assessment activities support the implementation of the Sustainable Development Goals (SDGs)'. Cuireadh chun cinn é ar shuíomh gréasáin INAB agus ar na meáin shóisialta.▶ Eisíodh dhá nuachtlitir chun faisinéis a thabhairt i dtaobh forbairtí in INAB agus i gcreidiúnú.▶ Eisíodh sé fhoilseachán nua a tharraingíonn aird ar luach an chreidiúnaithe agus a chuireann chun cinn é. Rinne an tÚdarás cuir i láthair freisin i bhfóraim éagsúla ar na tairbhí agus an luach a bhaineann le creidiúnú.▶ Rinneamar podchraoladh a phléann ról agus tairbhí an chreidiúnaithe a thaifeadadh agus a fhoilsíú.▶ D'eagraíomar dhá sheimineár gréasáin ar cheisteanna teicniúla, chun luach a mhéadú agus eolas nuashonraithe a sholáthar d'íarratasóirí, cliant chreidiúnaithe agus páirtithe leasmhara.▶ D'athfhhorbraíomar suíomh gréasáin INAB chun faisinéis agus inneachar inrochtana agus soiléir a sholáthar.

SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
<p>Claint a oibríonn i réimsí atá ag athrú de shíor, ar nós cibearshlándála, cosaint sonrai agus róbataice, a ullmhú agus a chreidiúnú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ D'fhorbair agus d'fhaomh an Bord Creidiúnaithe dhá scéim nua. In 2022, tosóidh INAB ag tairiscint creidiúnú le haghaidh cigireachtaí ar láithreacha coire agus fómháú leighis, a áireoidh X-ghathanna a dhéanamh agus a scrúdú, agus scanachán íomháithe athshondais mhaighnéadaigh (MRI). ▶ Lean INAB ag obair le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais atá freagrach as creidiúnú i réimsí cibearshlándála agus cosanta sonrai. Meastar go mbeidh na scéimeanna sin ar oscailt le haghaidh iarratas in 2022. ▶ Tháinig an Bord Creidiúnaithe le chéile seacht n-uaire in 2021 agus bhronn sé 18 gcreidiúnú. Rinne Bainisteoir INAB 342 cinneadh eile faoi chreidiúnú. ▶ Fuarthas 23 iarratas nua ar chreidiúnú in 2021, agus fuarthas 166 iarratas ar shíneadh le raon feidhme ó chliaint chreidiúnaithe reatha. ▶ Fuair INAB naoi n-iarratas nua ó shaotharlanna chun tástáil SARS-CoV-2 a dhéanamh. Faoi dheireadh 2021, bhí 13 shaotharlann creidiúnaithe chun tástáil SARS-CoV-2 a dhéanamh. ▶ Cuireadh 482 imeacht measúnaithe i gcrích. Aistríodh na measúnuithe sin ó mheasúnuithe cianda go cur chuige cumaisc ag úsáid teicnící ar an láthair agus measúnaithe chianda. ▶ Chun leanúint ag freastal ar an éileamh ar chreidiúnú, cháiligh INAB 26 measúnóir nua. ▶ Thug INAB nósanna imeachta nua isteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna le haghaidh creidiúnú a chuir úinéirí scéime isteach go díreach.
<p>Monatóireacht a dhéanamh ar éileamh méadaithe de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus athruithe rialála eile, teacht roimhe agus freagairt dó.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Lean INAB ag soláthar tacaíochta do cheisteanna ar aon ábhar creidiúnaithe nó measúnaithe comhréireachta a d'eascair as cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil. ▶ Thacaigh sé leis an bhfeidhm údarás fógartha náisiúnta, lena n-áirítear tacú le RFTF, de réir mar ba ghá. ▶ D'eisigh INAB foilseachán dar teideal Accreditation with INAB agus sheol sé feachtas meán sóisialta a díriodh ar chliaint reatha a spreagadh lena raon feidhme creidiúnaithe a leathnú chun gnó nua a ghiniúint agus deiseanna a lorg i margaí nua.
<p>Aitheantas agus clú INAB agus sheirbhísí creidiúnaithe na hÉireann a chothú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Leathnaíodh raon feidhme aitheantas idirnáisiúnta INAB chun go n-áireofaí deimhniú daoine i ndiaidh phiarmheasúnú Chomhar na hEorpa um Chreidiúnú (EA) a reáchtáladh i mí Eanáir 2021. ▶ Ghlac INAB páirt i 38 cruinniú coiste agus meithle idirnáisiúnta. Anuas air sin, tá Bainisteoir INAB mar bhall de Bhord Feidhmiúcháin EA. In 2021, tionóladh gach cruinniú ó chian. ▶ Sholáthair INAB comhaltaí foirne chun feidhmiú mar chuid den fhoireann ar phiarmheastóireachtaí ar thrí chomhlacht creidiúnaithe Eorpacha. ▶ Lean sé ag comhlíonadh a fhreagrachtaí reachtúla mar an t-údarás monatóireachta ar Dhea-chleachtas Saotharlainne trí thabhairt faoi chigireachtaí ar an láthair agus freastal ar mheithleacha Dea-chleachtais Saotharlainne de chuid an Aontais Eorpaigh agus na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).

4

Tosaíocht Straitéiseach Tionchar

Tabhaint faoi chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú chun tacú le saolta agus fointair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla

SPRIOC STRAITÉISEACH

DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021

Comhoibriú agus gníomhú go réamhghnáomhach le páirtithe leasmhara agus le comhlacthaí rialála chun aidhmeanna comhpháirteacha a bhaint amach.

- ▶ Mar chuid den fhreagairt tras-rialtais ar phaindéim COVID-19 a bhainistiú, d'oibrigh an tÚdarás le Roinn an Taoisigh, RFTF, Feidhmeannach na Seirbhise Sláinte agus an Roinn Sláinte chun an Prótacal um Oibriú go Sábháilte a athbhreithniú agus a choinneáil nuashonraithe. Thacaigh grúpaí páirtithe leasmhara fostoirí (IBEC, Cónaídhm Thionscal na Foirgníochta [CIF]) agus grúpaí páirtithe leasmhara fostaithe (Comhdháil na gCeardchumann [ICTU]), mar chuid de ghrúpa cur i bhfeidhm an Fhóraim Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair (LEEF), leis an obair sin.
- ▶ I rith 2021, thug an tÚdarás faoi sheiceálacha ar chloí leis an bPrótacal um Oibriú go Sábháilte le comhlacthaí cigireachta eile, lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Oideachais; an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil i bhFeidhmeannacht na Seirbhise Sláinte; Tusla – an Gníomhaireacht um Leaná agus an Teaghlaich; an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara; agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.
- ▶ Ghlacamar páirt sa Bhuanchoiste Náisiúnta Formhaoirseachta a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar ráigeanna in earnálacha ardrioscá sonracha (próiseáil feola/bia, agus foirgníochta) agus i bhFoirne Rialaithe Ráigeanna sonracha freisin a bhunaigh Ranna áitiúla Sláinte Poiblí.
- ▶ D'fhoilsigh an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíochta Sábháilteachta Feirmeoireachta, coiste comhairleach Bhord an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), a phlean gníomhaíochta nua le haghaidh 2021–2024 a bhfuil d'aidhm leis leibhéal na mbásuithe, na ngortuithe tromchúiseacha agus na drochshláinte san earnáil talmhaíochta a laghdú.
- ▶ Chuir an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíochta Sábháilteachta Foirgníochta, coiste comhairleach Bhord an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), tús le hobair forbartha ar phlean gníomhaíochta nua le haghaidh 2022–2024 a bhfuil d'aidhm leis leibhéal na mbásuithe, na ngortuithe tromchúiseacha agus na drochshláinte san earnáil foirgníochta a laghdú.
- ▶ Leanamar lenár rannpháirtíochta i nGrúpa Gníomhaíochta SACURIMA de chuid an Chomhair Eorpaigh san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (COST) ar Thalmhaíocht (CA16123): Cultúr Sábháilteachta agus Bainistíocht Riosca sa Talmhaíocht, agus chuireamar leis an tuarascáil fhoilsithe deiridh. Shainainiún Grúpa Gníomhaíochta SACURIMA COST na láidreachtaí agus na laigí i gcúr chuige reatha an Aontais Eorpaigh maidir le sábháilteachta agus sláinte ceirde san earnáil talmhaíochta. Rinne sé moltaí suntasacha ar athbhreithniú an Chomhbheartais Talmhaíochta agus roinn sé iad sin le cathaoirleach Choiste Talmhaíochta an Aontais Eorpaigh, an Coimisinéir Talmhaíochta, agus Coimisinéir AE éagsúla eile.
- ▶ D'athbhreithnígh an tÚdarás an Comhthionscnámh Coisc le Teagasc agus dheimhnigh a athnuachan. Bíonn tionchar suntasach agus dearfach fós ag an gComhthionscnámh Coisc ar fheasacht sábháilteachta agus sláinte ceirde agus ar chosc gortaithe. I gcomhar le Teagasc agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, d'oibrigh an tÚdarás chun dul chun cinn a dhéanamh ar oiliúint ar líne ar an gCód Cleachtais um Shábháilteachta Feirme (ceanglas éigeantach le haghaidh íocaíochtaí na Scéimeanna Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta) le líon mór ag freastal ar an oiliúint ar líne sin i rith 2021.

SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
<p>Tograí oibachtúla bunaithe ar thaighde a chur i láthair an Rialtais chun maoliniú méadaithe a bhaint amach don Údarás.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ I ndiaidh maoliniú Rialtais breise a fháil in 2020, comhlónadh an sprioc straitéiseach sin.
<p>Comhoibriú agus tionchar a imirt ar an ngá atá le tuairisciú agus taifeadadh níos fearr ar thinneas agus drochshláinte ceirde agus sásraí a fhorbairt chun a chinntíú go roinntear sonraí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ I gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) agus an Roinn Coimice Sóisialaí, leanann an tÚdarás ag fiosrú bealaí chun bailiú sonraí a fheabhsú ar thinneas ceirde agus drochshláinte a bhaineann le guaiseacha ar nós struis, neamhoird mhatánchnámharlaigh agus ailsí. ▶ Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2021 don Líonra Taighde Sláinte agus Saothair (THOR) don tréimhse 2005–2020 agus cuireadh chun cinn ar na meáin shóisialta í. Cuireadh tortaí taighde agus aiseolas ar fáil do thuairisceoirí THOR i bPoblacht na hÉireann.
<p>Páirt ghníomhach agus fhiúntach a ghlacadh i gclár oibre agus plé an Aontais Eorpaigh ar shábháilteach agus sláinte ceirde, ceimiceán, faireachas margaidh agus creidiúnú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Bhí an tÚdarás rannphárteach i gcoistí agus meithleacha tosaíochta leis na Náisiúin Aontaithe, an Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteach agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), de réir ár sainorduithe sláinte agus sábháilteachta ceirde agus ceimiceán. Freastalaíodh ar fhormhór na gcuinnithe AE go fíorúil. Tá liosta ionlán de na coistí agus meithleacha in Agusín 3. ▶ Ghlacamar páirt freisin in dhá Choiste na gCigíri Sinsearacha Saothair agus dhá Mheitheal Choiste na gCigíri Sinsearacha Saothair ar Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe Ginearálta. ▶ Sholáthraíomar ról an Leas-Chathaoirligh ar Fhóram ECHA ar mhalartú faisnéise faoi fhorfheidhmiú. Sholáthraíomar comhaltaí freisin chun páirt a ghlacadh sna tionscadail a leanas de chuid Fhóram ECHA maidir le malartú faisnéise ar mheithleacha forfheidhmithe: tionscadal REF-8 ar tháirgí ceimiceacha a dhíoltar ar líne, tionscadal REF-9 ar údarú, agus tionscadal REF-10 ar rialuithe comhtháite. ▶ Sholáthraíomar ról an Chathaoirligh le haghaidh Mheitheal an Choiste Chomhairligh um Shábháilteach agus Sláinte ag an Obair maidir le Ceisteanna a bhaineann le Sábháilteach agus Sláinte Ceirde Paindéime le haghaidh an athbhreithnithe ar Threoir 99/92/CE maidir le hlonaid Oibre agus d'fheidhmíomar mar rapórtéir ar an athbhreithniú ar Threoir 90/270/CEE maidir le Trealamh Scáileán Taispeána. ▶ Ghlacamar páirt in dhá Bhuan-Mheitheal AE le haghaidh Tionscail Mhianadóireachta agus Eastoscach Eile a dhírithe ar na ceisteanna seo a leanas: eachtraí móra agus básuithe san earnáil; rialú gás diobhálach ar nós NOx agus CO agus cáithníní díosail sa timpeallacht faoi thalamh; uathoibriú; athruithe ar Threoracha an Aontais Eorpaigh go háirithe i réimse na gceimiceán; ullmhacht chun tarthála i mianaigh; tionchar phaindéim COVID-19; staidrimh a ullmhú; agus sainordú athbhreithnithe a fhorbairt don bhuan-mheitheal. ▶ Ar an drochuair, cuireadh cruinniú bliantúil Phríomhchigirí Mianach an Aontais Eorpaigh ar ceal den dara bliain as a chéile mar gheall ar phaindéim COVID-19.

SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
<p>Dul i bpáirt leis an Rialtas chun tacaíochta a chur ar fáil do ghnóthaí agus iad ag ullmhú agus ag dul i ngleic le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Leanamar ag tabhairt comhairle agus tacaíochta don Rialtas agus do pháirtithe leasmhara, de réir mar a tháinig impleachtaí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach chun cinn do ghnóthaí na hÉireann. ▶ Chuireamar faisnéis ar fáil trí Lárionad Teagmhála an Údarás, chomh maith lena Dheasc Chabhrach Ceimiceán, suíomh gréasáin agus treoircháipéisí.

Bhí an tÚdarás rannpháirteach i gcoistí agus meithleacha tosaíochta leis na Náisiúin Aontaithe, an Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) i gcaitheamh 2021.



5

Tosaíocht Straitéiseach

An Chaoi a nOibrímid

An chaoi a n-oibrímid a fheabhsú trí dhaoine, próisis agus teicneolaíocht

SPRIOC STRAITÉISEACH

DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021

Meas a léiriú ar an bhfoireann, plé leo agus iad a fhorbairt chun cumas agus inniúlacht na heagraíochta a neartú.

- ▶ Rinneadh earcaíocht shuntasach ar fud na heagraíochta i rith 2021, as ar eascraí 51 ceapachán nua. Cuireadh clár ionduchtaithe cuimsitheach ar fáil do na comhaltaí foirne nua, chun a chinntiú go gcuirtear sainoiliúint ar ár ndaoine agus go dtacaítear leo chun ár sainorduithe ar fad a chur i gcrích.
- ▶ Cuireadh clár sonrach i gcrích le haghaidh oiliúint agus forbairt cigirí nua, chomh maith le clár leanúnach foghlama agus forbartha chun inniúlacht theicniúil na foirne ar fad a fheabhsú.
- ▶ Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, tá oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí fostáfocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú léi. Léiríonn torthaí daonáireamh gan ainm ar an bhfoireann go raibh céatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas, de réir an tsainmhínithe san Acht um Míchumas, 2005, ag 7.6% le haghaidh na bliana féilire 2021.
- ▶ Cuireadh tionscnaimh thábhachtacha ar fáil i gcaitheamh na bliana faoi Chlár Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre.


Ár struchtúr, samhail oibríochta agus leithdháileadh acmhainní a oiriúnú chun diríú ar réimsí tábhachtacha bunaithe ar fhianaise, taighde, anailís agus meastóireacht.

- ▶ Chríochnaíomar tionscadal deartha eagraíochta chun athléimneacht oibriúcháin an Údarás a thógál agus a chinntiú go bhfuil a shamhail oibre, a bhealaí oibre agus a dhaoine tréitheacha oiriúnach dá gcuspóir.
- ▶ De bharr phaindéim COVID-19, leanamar ag measúnú agus ag athrú tosaíochtaí de réir mar ba ghá i gcás ár gcláir oibre chun ailíniú le cur chuige an Rialtas agus bearta leasaithe. D'oiriúnaíomar struchtúir inmhéanacha na heagraíochta agus leithdháileadh freagrachtaí agus cuntasachta dá réir, agus d'oirbriugh trí fhoireann freagartha náisiúnta ar leith le haghaidh earnálacha ardriosca i dtaca le COVID-19 i gcaitheamh na bliana.
- ▶ I dtéannta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, sainaithníodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) mar chomhlacht iomchuí faoi na Rialacháin um Itheachán Faoi Dhíon a tháinig i bhfeidhm ar an 26 Iúil 2021. Rinneadh foireann d'Oifigigh Comhlíonta ainmnithe a bharántú, a chur faoi oiliúint agus a chur chun oibre chun seiceálacha comhlíonta a dhéanamh in earnálacha ábhartha inar theastaigh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais Eorpaigh bailí ó chustaiméirí chun dul isteach in áitreabh.

SPRIOC STRAITÉISEACH	DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2021
Na caighdeánin rialachais is airde a chur i bhfeidhm ar reáchtáil an Údaráis.	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Leanamar ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú. ▶ Thug Bord an Údaráis faoi mheastóireacht bhliantúil féinmheasúnaithe ar a fhéidhmíocht féin agus ar fhéidhmíocht a choistí. ▶ Chuireamar i gcrích cúig athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí de réir straitéis iniúchóireachta inmheánaí trí bliana an Údaráis. ▶ Phléamar le 170 iarratas um Shaoráil Faisnéise. ▶ Chuireamar i gcrích trí athbhreithniú inmheánacha um Shaoráil Faisnéise, anuas ar dhá achomharc le hOifig an Choimisiúnara Faisnéise. ▶ Phléamar le cúig iarratas um rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol agus ocht n-iarratas um chosaint sonrai. ▶ Chotháíomar comhlíonadh cheanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonrai (GDPR). ▶ Fuarthas dhá ghearán fhoirmiúla faoin tseirbhís do chustaiméirí, agus próiseáladh an péire de réir ár mBeartais chun Gearán faoin tSeirbhís do Chustaiméirí a Bhainistiú.
Teicneolaíocht agus taighde a bharrfheabhsú chun éifeachtacht agus seirbhísí a fheabhsú.	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Leanadh leis an obair i gcaitheamh na bliana ar straitéis teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) an Údaráis a chur i bhfeidhm. Príomhfhócas ab ea croí-ardán nua TFC a forbairt chun an leas is fearr is féidir a bhaint as croíphróisis ghnó an Údaráis, a chruthóidh tairbhí ar nós bealaí oibre níos éifeachtaí, bainistíocht cásanna ó cheann go ceann, pleanáil oibre níos fearr, taithí custaiméara níos fearr, sonrai glana agus fail ar shonraí cruinne, iomlána, agus léargais níos fearr. Cuireadh próiseas cuimsitheach bailithe agus soláthair riachtanas i gcrích in 2021. D'eascair díoltóir nua a fhostú ar conradh agus a úsáid chun an croí-ardán a sholáthar as sin. ▶ Chun éifeachtúlachtaí inmheánacha a fheabhsú, rinneadh ardán Tógáil le Roinnt Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, eDocs, a leathadh amach ar fud na foirne ar fad, agus cuireadh aistriú iomlán go dtí an t-ardán nua i gcrích i rith na bliana. ▶ Tá an túdarás tiomanta dá éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Ón mbliain bhonn líne 2009, baineadh coigileas fuinnimh 45% amach san iomlán. Léiríonn sé sin tiomantas an Údaráis do laghdú a bhaint amach ar a lorg carbón agus cabhrófar le timpeallacht oibre níos inbhuanaithe a forbairt do chomhghleacaithe agus don phobal.
Dúshlán ár sainordaithe agus ár straitéise a thabhairt gach bliain chun a chinntíú go n-oiriúnaímid don timpeallacht atá ag athrú.	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Rinne comhairleoir seachtrach anailís ar na spriocanna agus na príomhtháscairí feidhmíocha a leagadh amach le haghaidh straitéis 2019–2021. Léirigh tortaí an phróisis sin fíanaise láidir gur baineadh amach ár spriocanna foriomlána faoi gach príomhthosaíocht straitéiseach. ▶ I rith 2021, forbraíodh an Ráiteas Straitéise don tréimhse 2022–2024. Áiríodh mar chuid den phróiseas sin clár forleathan aiseolais agus comhairliúcháin phoiblí le páirtithe leasmhara seachtracha. D'áirigh an próiseas rannpháirtíochta foriomlán le pártithe leasmhara agallaimh, suirbhéanna agus aighneachtaí ó raon leathan grúpaí inmheánacha agus seachtracha, ina measc comhlacthaí ionadaíochta fostóirí, fostaithe agus earnála, Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, an pobal i gcoitinne, chomh maith le foireann an Údaráis. ▶ Seoladh Ráiteas Straitéise 2022–2024 i mí Eanáir 2022, agus leagtar amach go soiléir ann tosaíochtaí agus spriocanna an Údaráis ina shainordú leathan, agus curtear san áireamh na dúshláin dhifriúla a bhí le sárú ag Éirinn le blianta beaga anuas agus a bheidh le sárú ag an tir sna trí bliana amach romhainn.

6

Spriocanna inghnóthaithe a bhain go sonrach le COVID-19



SPIROC STRAITÉISEACH

Rialáil

Béim mhéadaithe ar chomhlíonadh trí chigireacht agus forfheidhmiú bunaithe ar riosca.

GNÍOMHARTHA AGUS MÉADRACHT

- ▶ Rinne an tÚdarás 7,437 cigireacht COVID-19 ar an láthair inar seiceáladh comhlíonadh an Phrótaeil um Oibriú go Sábhálte i raon leathan ionaid oibre agus earnálacha tionscail.
- ▶ San earnáil sláinte agus cúram shóisialaigh, tugadh faoi 377 cigireacht san iomlán. Dhírig siad ar chosaint fostaithe ar an mbaol a bhain le neamhchosaint cheirde ar COVID-19. Tugadh faoi chigireachtaí agus imscrúduithe i raon ionad oibre sláinte agus cúram shóisialaigh, ina measc ospidéil ghéarmhíochaine, tithe altranais, cúram cónaitheach, agus seirbhísí pobail.
- ▶ Thug an tÚdarás tacaíocht d'fhoirne sláinte poiblí ina mbainistíocht ar ráigeanna COVID-19 i raon earnálacha agus ionaid oibre. Ghlacamar páirt san Fhoireann Náisiúnta Rialaithe Ráigeanna chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin san earnáil próiseála feola agus rinneamar cigireachtaí leantacha ar an láthair chun a sheiceáil an raibh na moltaí sláinte poiblí á gcur i bhfeidhm.
- ▶ Rinneadh comhlacht ainmnithe den Údarás faoi na Rialacháin um Itéachán Faoi Dhón i mí Iúil 2021, agus thugamar faoi 2,402 seiceáil comhlíonta ar oibritheoirí áitribh faoi dhón/itéacháin faoi dhón, le béim shonrach ar oibritheoirí agus go mbeadh córas i bhfeidhm acu chun nach ligfi isteach ach daoine ceadaithe ag a raibh Deimhniú Digeach COVID an Aontais Eorpaigh bailí.

Leanamar lenárrannpháirtíocht ghníomhach sa fhreagra trasrialtais ar phaindéim COVID-19 trí ghrúpa cur i bhfeidhm an Fhóraim Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair (LEEF).



Spriocanna inghnóthaithe a bhain go sonrach le COVID-19

SPIROC STRAITÉISEACH


Cur Chun Cinn

Tacaíocht, oideachas agus níos mó feasachta a chur ar fáil chun timpistí, gortuithe agus drochshláinte a chosc.

GNÍOMHARTHA AGUS MÉADRACHT

- ▶ Phléigh ár nAonad Teaghála le 3,714 iarratas ar fhaisnéis agus le 2,484 gearán a bhain le COVID-19 agus an Prótacal um Oibriú go Sábháilte.
- ▶ D'fhorbraíomar agus nuashonraíomar ár leathanáigh ghréasáin COVID-19, ar ar tugadh raon faisnéise agus treorach chun tacú le fostóirí agus fostaithe le comhairle sábháilteachta agus sláinte ceirde i gcaitheamh na paindéime.
- ▶ D'fhorbraíomar agus nuashonraíomar raon seicliostaí, teimpléad, póstaer agus cúrsaí ar líne. Taifeadadh gur íoslódáladh acmhainní sheicliostaí agus theimpléid COVID-19 125,364 uair. Cuireadh acmhainní ar fáil i nGaeilge agus aistríodh acmhainní d'fhostaithe go 28 teanga.
- ▶ D'fhorbraíomar treoir d'fhostóirí agus d'fhostaithe ina leagtar amach na céimeanna a bhaineann le hinniúlacht chun oibre aon oibrí a chinneadh i ndiaidh dóibh a bheith as láthair mar gheall ar ionfhabhtú COVID-19 nó ionfhabhtú amhrasta.
- ▶ Ghlacamar páirt i dtionscadal idirghníomhaireachta in oirdheisceart na hÉireann a chruthaigh acmhainní, a aistríodh go 13 theanga, chun feasacht a mhéadú ar an gcaoi le leathadh COVID-19 a sheachaint i saoráidí táirgthe bia. Mar chuid den tionscadal sin, chomhoibríomar le Cúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Garda Síochána, an Roinn Coimírc Sóisialaí, an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, cúig údarás áitiúla, agus Meat Industry Ireland (MII).
- ▶ Chuireamar Measúnú Tionchair Rialála i gcrích i ndiaidh iarratas ón mBord chun na roghanna maidir le cásanna COVID-19 a d'eascair as gníomhaíocht oibre a thuairisciú don Údarás a phiosrú.

D'fhorbraíomar agus nuashonraíomar raon seicliostaí, teimpléad, póstaer agus cúrsaí ar líne.



Taifeadadh gur íoslódáladh acmhainní sheicliostaí agus theimpléid COVID-19 125,364 uair.



Spriocanna inghnóthaithe a bhain go sonrach le COVID-19

SPRIOC STRAITÉISEACH

GNÍOMHARTHA AGUS MÉADRACHT

Tionchar

Tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú chun tacú le saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla.

- ▶ Leanamar lenár rannpháirtíocht ghníomhach sa fhreagra trasrialtais ar phaindéim COVID-19 trí ghrúpa cur i bhfeidhm an Fhóraim Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair (LEEF). Chuireamar leis na nuashonruithe leanúnacha ar an bPrótacal um Oibriú go Sábháilte agus nuashonraíomar treoir, teimpléid agus seicliostaí ábhartha i rith 2021 de réir mar a d'athraigh comhairle an Rialtais agus na sláinte poiblí.
- ▶ Chothaíomar meabhrán tuisceana le comhlachtaí rialála eile, lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Oideachais; an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil i bhFeidhmeannacht na Seirbhise Sláinte; Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlaich; an TÚdarás um Chosaint Lascaigh Mhara; agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Chumasaih sé sin cur chuige trasrialtais i leith seiceáil gur cothaíodh comhlíonadh an Phrótaeil um Oibriú go Sábháilte go seasta agus go héifeachtach i gcaitheamh na bliana.
- ▶ Ghlacamar páirt go rialta i bhFóram na Rialtóirí a bunaíodh chun ceanglais rialála a bhain le paindéim COVID-19 a phlé.
- ▶ Ghlacamar páirt arís sa Bhuanchoiste Náisiúnta Formhaoirseachta a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna COVID-19 in earnálacha ardriosca (i.e. próiseáil feola/bia agus foirgníocht). Ghlacamar páirt freisin i bhFoirne Rialaithe Ráigeanna sonracha freisin a bhunaigh Ranna áitiúla Sláinte.
- ▶ D'oibríomar go dlúth leis an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil i bhFeidhmeannacht na Seirbhise Sláinte chun a chinntíú gur cuireadh i bhfeidhm na ceanglais a bhain leis na Rialacháin um ltheachán Faoi Dhón, a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil 2021.

Creidiúnú

An tseirbhís náisiúnta creidiúnaithe a fhás chun fiontair agus seirbhísí poiblí a chumasú agus chun tacú leo.

- ▶ Fuair INAB naoi n-iarratas nua ó shaotharlanna chun tástáil SARS-CoV-2 a dhéanamh. Faoi dheireadh 2021, bhí 13 shaotharlann creidiúnaithe chun tástáil SARS-CoV-2 a dhéanamh.
- ▶ Cuireadh na measúnuithe beartaithe ar fad le haghaidh claint chreidiúnaithe in 2021 i gcrích, de bharr gur úsáid foirne measúnaithe ionlán teicnící measúnaithe ó chian agus ar líne.

An Chaoi a nOibrímid

An chaoi a n-oibrímid a fheabhsú trí dhaoine, próisis agus teicneolaíocht.

- ▶ Reáchtáladh cruinnithe rialta d'Fhóram Cur i bhFeidhm an Phlean Freagartha inmheánaigh le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha, príomh-ionadaí olbrite an Údarás ina measc. Coinníodh Plean Freagartha COVID-19 inmheánach chun dáta. Anuas air sin, cuireadh seisiún eolais ionduchtaithe leanúnacha agus sonracha faoi COVID-19 ar fáil don fhoireann ar fad aon uair a d'athraigh an chomhairle sláinte poiblí. Tomhaiseadh feidhmíocht chur i bhfeidhm Phlean Freagartha COVID-19 dár gcuid le scórchláir a rianaigh 13 phríomhchritéar. In 2021, bhí comhlíonadh na scórchlár ag os cionn 99% ar an meán.
- ▶ Forbraíodh sraith de chuir i láthair ar líne, seisiún eolais, seimineáir ghréasáin agus cáipéisí treorach agus tugadh don fhoireann iad chun tacú leo leis na gnéithe praiticiúla agus síceasóisialta a bhain le hoibriú agus cónaí le COVID-19.

Méadracht agus táscairí feidhmíochta – Sprioc v. iarbhír

Príomhthomhais agus príomhtháscairí feidhmíochta	Sprioc	Iarbhír
Táscairí Forfheidhmithe (Tosaíocht Straitéisearch – Rialáil)		
Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích i gcomparáid leis an sprioc (sláinte agus sábháilteachta ceirde, agus ceimiceáin)	8,600	7,477
Líon na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích i gcomparáid leis an sprioc	930	1,109
Líon na n-idirghabhálacha faireachas margaidh ar thárgí ceimiceacha i gcomparáid leis an sprioc	600	970
Líon na n-idirghabhálacha faireachas margaidh ar thárgí tionsclaíocha i gcomparáid leis an sprioc	150	150
Líon ionlán na n-ionchúiseamh ar díotáil nó go hachomair	N/B	18
Fíneálacha a gearradh	N/B	€692,750

Táscairí tacáiochta gnó (Tosaíocht Straitéisearch – Cur Chun Cinn)		
Líon na dteagmhálacha isteach a fuair an Lárionad Teagmhála (guthán/ríomhphost/litir/cuairt)	22,500	19,394
Líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin an Údarás	1,750,000	1,512,053
Líon na n-foslódálacha ar fhoilseacháin	500,000	355,264
Líon na bhfoilseachán agus na mbileog eolais nua	N/B	30
Líon na n-úsáideoirí BeSMART.ie go dtí seo (ionlán carnach)	90,000	86,834
Líon na n-úsáideoirí farmsafely.com (ionlán carnach)	N/B	14,825
Líon na n-eagraíochtaí/na n-úsáideoirí ag cur WorkPositiveCI i bhfeidhm	N/B	32/941
Líon na gcúrsaí ar líne a rinneadh ar hsalearning.ie (ionlán carnach)	170,000	209,218
Líon na scoláirí i mbun cláir oideachais Choose Safety in 2020/2021	N/B	27,494
Líon na n-iarratas faisnéise REACH a próiseáladh	N/B	207
Líon na n-iarratas faisnéise CLP a próiseáladh	N/B	117
Líon na n-iarratas ar phleanáil úsáide talún a próiseáladh	250	316
Feasacht phoioblí: Aontaíonn go bhfuil an tÚdarás tábhachtach chun timpistí agus básuithe a laghdú	85%	87%
Feasacht phoioblí: Aontaíonn go gcaitear go dáiríre le sláinte agus sábháilteachta na bhfostaithe i m'ionad oibre	85%	84%
Feasacht phoioblí: Aontaíonn go gcuireann bainistíocht éifeachtach sláinte agus sábháilteachta le rath gnó	85%	88%
Feasacht phoioblí: Aontaíonn go bhfuil oibrithe ar an eolas go maith/go réasúnta ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta	85%	95%

Príomhthomhais agus príomhtháscairí feidhmíochta	Sprioc	Iarbhír
Táscairí forbartha reachtaíochta (Tosaíocht Straitéiseach – Tionchar)		
Lón na dtograí reachtaíochta a seoladh chuig RFTF	N/B	0
Lón na gcód cleachtais a seoladh chuig RFTF	N/B	1
Lón na gcuinnithe AE/coistí idirnáisiúnta/meithleacha ar ar freastalaíodh faoi shábháilteacht agus sláinte ceirde	N/B	67
Lón na gcuinnithe AE/coistí idirnáisiúnta/meithleacha ar ar freastalaíodh faoi cheimiceáin	N/B	77
Lón na gcuinnithe AE/coistí idirnáisiúnta/meithleacha ar ar freastalaíodh faoi fhaireachas margaidh	N/B	34

Táscairí rialachais chorparáidigh (Tosaíocht Straitéiseach – An Chaoi a nOibrímid)		
Lón iomlán na n-iarratas um Shaorál Faisnéise a próiseáladh	N/B	170
Lón iomlán na n-iarratas um rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a próiseáladh	N/B	5
Lón iomlán na n-iarratas ar rochtain ó ábhar um chosaint sonraí a próiseáladh	N/B	8
Lón iomlán na n-achomharc um shaorál faisnéise/chosaint sonraí/rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a próiseáladh	N/B	3 Shaorál Faisnéise 1 Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Táscairí INAB (Tosaíocht Straitéiseach – Creidiúnú)		
Creidiúnuithe bronnta ag Bord INAB	20	18
gCinneadh creidiúnaithe le Bainisteoir INAB	300	342
iarratas nua ar chreidiúnú a fuarthas	N/B	23
Imeacht measúnaithe curtha i gcrích	N/B	482
Cruinníú idirnáisiúnta ar ar fhreastail INAB	N/B	35

Sonraí gortuithe (Torthaí Straitéiseacha)		
Lón na dtimpistí marfacha	N/B	38
Lón na dtimpistí neamh-mharfacha, as láthair 4+ lá (Sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh)	Sonraí ar fáil Ráithe 1, 2023	N/B
Lón na dtinneas neamh-mharfach, as láthair 4+ lá (Sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh)	Sonraí ar fáil Ráithe 1, 2023	N/B

COVID-19		
Lón na gcigireachtaí a bhain leis an bPrótacal um Oibriú go Sábháilte	N/B	7,437
Lón na ngearán nó na n-iarratas ar fhaisnéis a bhain le COVID-19 a cuireadh faoi bhráid Lárionad Teagmhála an Údarás	N/B	6,198
Lón na n-íoslódálacha ar sheicliostaí agus ábhair eile	N/B	125,364
Lón na seiceálacha comhlíonta ar na Rialacháin um ltheachán faoi Dhíon	N/B	2,402

Buaicphointí na n-earnálacha tosaíochta in 2021



Foirgníocht

2,865
cigireacht/
imscrúdú

- D'áirigh cigireachtaí fócas ar bhainistiú na rioscaí a bain le:
- Obair ar airde
 - Sábháilteachta feithiclí a bhaineann leis an obair agus bainistiú tráchta ar an láthair
 - Láimhsíú sábhálte

Feachtais:

Obair ar
airde:
133
cigireacht

Láimhsíú
sábhálte:
33
cigireacht



Príomh-bhuaicphointe

Chuir an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta, coiste comhairleach Bhord an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), túis le hobair forbartha ar phlean gníomhaíochta nua le haghaidh 2022–2024 a bhfuil d'aidhm leis leibhéal na mbásuithe, na ngortuithe tromchúiseacha agus na drochshláinte san earnáil foirgníochta a laghdú.

Sláinte agus cúram sóisialach

446
cigireacht/imscrúdú
san iomlán

D'áirigh cigireachtaí fócas ar bhainistiú na rioscaí a bain le:

- Neamhchosaint cheirde ar COVID-19
- Foréigean agus forrántacht a bain leis an obair
- Láimhseáil othar
- Sciorrthaí, tuislí agus titimí

Rinneadh

18,402

cúrsa cúraim sláinte ar hsalearning.ie agus suíomhanna gréasáin gaolmhara i rith 2021.



HSA

Talmhaíocht

400
cigireacht/imscrúdú
san iomlán



Críochnaíodh trí
dhianfheachas
cigireachta. Dhírigh siad
sin ar bhainistiú na
rioscaí a bhaineann le

Príomh-bhuaicphointí

D'fhoilsigh an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta, coiste comhairleach Bhord an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), a Phlean Gníomhaiochta le haghaidh 2021–2024 a bhfuil d'aidhm leis leibhéal na mbásuithe, na ngortuithe tromchúiseacha agus na drochshláinte san earnáil talmhaíochta a laghdú.

Cuireadh feachtas mhóra i bhfeidhm chun feasacht a mhéadú maidir leis an talmhaíocht i raon leathan meán, an teilifís, an raidió, na meáin chlóite agus na meáin dhigiteacha san áireamh.

Eisíodh comhairle sábháilteachta feirme go sonrach roimh phríomhimeachtaí ar nós an tséasúir breithe lao agus an tséasúir sadhlais.

Foilsíodh *A Review of Work-Related Fatalities in Agriculture in Ireland 2011–2020*.

- ✓ láimhseáil shábháilte beostoic,
- ✓ tarracóirí agus innealra, agus
- ✓ oibriú ar airde

668
cigireacht/imscrúdú
san iomlán



- Foilsíodh *A Review of Work-Related Deaths Involving Vehicles in Ireland 2010–2019*
- Cuireadh feachtas cigireachta i bhfeidhm a dhírigh go sonrach ar bhainistiú na rioscaí feithiclí san ionad oibre, ar nós tiomáint don obair, oibríochtaí feithicle, agus feistiú ualaí.



Díríodh cigireachtaí ar bhainistiú na rioscaí a bhain le:

- Oibríochtaí iompair coitianta
- Idirghníomhaiochtaí coisithe agus feithiclí
- Bainistíocht tráchta san ionad oibre

Ceimiceáin



1,383

cigireacht/
imscrúdú

- ▶ COMAH **165**
- ▶ Faireachas margaidh **265**
- ▶ Iompar earraí contúirteacha de bhóthar **666**
- ▶ Oibreáin cheimiceacha, aispeist **287**

Rinneadh measúnú ar **970** táirge ceimiceach ar mhargadh na hÉireann le feiceáil ar chomhlíon siad ceanglais faoi REACH (Iarscríbhinn II – Bileog Sonraí Sábháilteachta, Iarscríbhinn XVII – Srianta), CLP (aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán) agus Rialachán na nGlanach.

Rinneadh measúnú ar **99** foláireamh RAPEX de chuid an Aontais Eorpaigh a bhain le ceimiceáin shrianta agus measúnaíodh iad chun a chinneadh an raibh siad ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I ndiaidh seiceálacha imscrúdaithe, cinneadh nach raibh 79% de na táirgí a measúnaíodh faoi RAPEX ar fáil ar mhargadh na hÉireann.

Baineadh **87** cineál táirge cheimicigh den mhargadh. Cuireadh deireadh le díol 61 táirge eile leis an bpobal ginearálta.



Tacaíocht agus comhairle do ghnóthaí agus do pháirtithe leasmhara

BeSMART.ie

86,834

Úsáideoir san iomlán

8,672

Úsáideoir nua in 2021

Ráitis
Sábháilteachta
i gCrích
in 2021

366 Gnó talmhaíochta

3,463 Foirgníocht

6,357 Gnó eile

838 Plean Sábháilteachta
agus Sláinte
Foirgníochta



Garspriocanna Tábhachtacha 2021

- An mhí leis an lín is airde clárúchán 909 (Fea. 2021)

Na 5 chineál gnó is mó

Tógálaí Ginearálta	846
Maor Tionscadail - an Chéim Tógála	551
Naíonn	442
Leictreoir (Tí)	239
Oifig	203

Lín na gcineálacha gnó	330
Lín na nguaiseacha	522
Rioscaí agus Guaiseacha Measúnaithe	197,549

hsalearning.ie
HSA Online Courses®



41 cúrsa ar líne
hsalearning.ie 2021

56,804

cúrsa déanta in 2021

218,654

cúrsa san iomlán

Na 5 chúrsa is mó tóir

1	Get Safe - Work Safe: Health and Safety in the Workplace for Students Starting Work	6,454
2	Chemical Safety in the Workplace (Introductory)	3,535
3	Slips, Trips and Falls in the Workplace	2,512
4	An Introduction to Tractor Safety	2,366
5	Chemical Safety in the Workplace (Level 2)	2,130


NUA

- Health and Safety for Seasonal Workers in Horticulture (cúrsa nua a forbraíodh agus a aistríodh go deich dteanga bhreise)
- Work Safely Induction and Lead Worker Representative (nuashonraithe)

CHOOSE SAFETY

27,494

scoláire i mbun
cláir oideachais
Choose Safety



WorkPositive^{CI}

- Os cionn 10,000 cuairteoir nua in 2021
- 32 cuideachta nua cláraithe
- 941 suirbhé síceasóisialta fostai ar líne curtha i gcrích

HSA

An tÚdarás Siáinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

Aguisín 1:

Sleachta as Ráitis Airgeadais neamh-iniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021



An Réamhrá

An Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird

De réir cheanglais Alt 48 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, éilítear ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta Ráitis Airgeadais a chur i dtoll a chéile gach bliain. Críochnaíonn bliain airgeadais an Údaráis an 31 Nollaig gach bliain. Caithfidh na ráitis airgeadais a bheith i bhfoirm a cheadódh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le comhaontú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- ▶ Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdíú go leanfaidh an tÚdarás de bheith i bhfeidhm;
- ▶ A chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, suíomh airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntíú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Tá an tÚdarás freagach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ullmhaíodh dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus bhreithníogh an Bord iad ag a chruinniú Dé hAoine, 11 Márta 2022. Ullmhaíodh na dréacht-Ráitis Airgeadais le haghaidh 2021 de réir phórálacha FRS102 agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. D'athbhreithníogh an Bord na dréacht-Ráitis Airgeadais agus d'fhaomh sé iad ar bhonn 'gan athrú ábhartha'.

Cuireann an tÚdarás na dréacht-Ráitis Airgeadais mar a d'fhaomh an Bord iad faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanfaidh an t-iniúchadh seachtrach. Déantar obair allamuigh na hiniúchóireachta i rith an dara ráithe den bhliain go hiondúil.

Tógtar an fhaisnéis thíos ó na dréacht-Ráitis Airgeadais agus níor cheart glacadh leo mar fhoinsí iontaofa faisnéise airgeadais maidir le cúinsí airgeadais an Údaráis go dtí go gcuirtear an iniúchóireacht sheachtrach i gcrích. Beidh na cáipéisí seo a leanas sna Ráitis Airgeadais iniúchta, anuas ar shraith iomlán nótaí míniúcháin –

- ▶ Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird
- ▶ An Ráiteas ar Rialú Inmheánach
- ▶ An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis
- ▶ An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta
- ▶ An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe
- ▶ An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
- ▶ An Ráiteas ar Staid an Airgeadais
- ▶ Sliocht ó na Nótáí leis an Ráiteas Airgeadais

Nuair a chuirtear an iniúchóireacht sheachtrach i gcrích agus nuair a fhaightear Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, déanfaidh an tÚdarás na socruithe cuí chun na Ráitis Airgeadais iniúchta a chur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le go gcuirfear faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad go foirmiúil.

Is féidir cóip de Ráitis Airgeadais iniúchta an Údaráis a fháil ar shuíomh gréasáin an Údaráis a luaithe a chuirtear an iniúchóireacht sheachtrach i gcrích.

Tá conradh ag an gconraitheoir seachtrach (Crowleys DFK) le haghaidh phróiseáil idirbhearta airgeadais uile an Údaráis. Leanann an tÚdarás ag bainistiú na feidhme airgeadais agus tá na rialuithe agus cosaintí i bhfeidhm aige chun caighdeán na feidhme a chinntí.

Faisnéis

Comhaltaí an Bhoird	Tom Coughlan (An Cathaoirleach)	Athcheaptha 12/04/2020
	Michelle Quinn (An Leas-Chathaoirleach)	Ceaptha 20/12/2019
	Paul Kelly	Ceaptha 20/12/2019
	Frank Kelly	Ceaptha 20/12/2019
	Deirdre MacDonald	Ceaptha 20/12/2019
	Andrew Bowers	Athcheaptha 20/12/2019
	David Hughes	Ceaptha 20/12/2019
	Deirdre Cullinan	Athcheaptha 12/03/2020
	Ciarán Roche	Ceaptha 11/08/2020
	Bríd De Buitléar	Ceaptha 11/08/2020
	Mary Coyne	Ceaptha 11/08/2020
	Stephen Curran	Athcheaptha 12/09/2020

An Príomhfeidhmeannach An Dr Sharon McGuinness

An Cheann-Oifig

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
 An Foirgneamh Cathrach
 Sráid James Joyce
 Baile Átha Cliath 1 D01 K0Y8

Iniúchóir

An tArd-Reachaire Cuntas agus Ciste
 3A Sráid an Mhéara Uachtarach
 Baile Átha Cliath 1 D01 PF72

Cuntasóirí

Crowleys DFK
 Cuntasóirí Caire
 5 Cé an Lapaigh
 Corcaigh T12 RW7D

Iniúchóirí Inmheánacha

Deloitte
 Áras Deloitte & Touche
 29 Ardán Phort an Iarla
 Baile Átha Cliath 2 D02 AY28

Aturnae

Mason Hayes and Curran
 South Bank House
 Sráid na Bearú
 Baile Átha Cliath 4 D04 TR29

Banc

Banc na hÉireann
 Sráid Bhagóid Íochtarach
 Baile Átha Cliath 2 D02 Y754



Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta an 1 Samhain 1989 faoin Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 mar a bhí ag an am. Tháinig an tAcht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 in áit an Actica sin. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 16 d'Acht 2005. Tá an Bord cuntasach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus freagrach as dea-rialachas a chinntí agus tugann an Bord faoin gcúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó ar fad. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as gnáthbhainistíocht, rialú agus treo an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Caithfidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntí go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscái suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird san Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, sna Buanorduithe a d'fhaomh an Bord, agus i Sceideal Feidhmeanna Forchoimeádta agus Tarmligthe an Bhoird, ina bhfuil na hábhair a gcaithfidh an Bord cinntí a dhéanamh ina leith go sonrach freisin. Áirítear leis na míreanna seasta a bhreithníonn an Bord:

- ▶ dearbhú leasa;
- ▶ tuairisci ó Choistí;
- ▶ tuairisci airgeadais/cuntas bainistíochta;
- ▶ tuairisci ar fheidhmíocht; agus
- ▶ ábhair fhorchoimeádta.

Éilíonn Alt 48(1) den Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar Bhord an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta gach cuntas cuí agus gnásúil ar airgead a fuair agus a chaith sé a choinneáil i cibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhord an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta:

- ▶ beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- ▶ a chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais; agus
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoirimhdiú go leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, a shuíomh airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntí go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corporáidí atá ar shuíomh gréasáin an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugtar faoi mheastóireacht rialta ag cruinnithe an Údarás ar fheidhmíocht an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta amhail an 31 Nollaig 2021.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí a cheapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an mBord. Ceapadh na comhaltaí Boird le haghaidh tréimhse trí bliana agus tagann siad le chéile go rialta. Tá tréimhse ceapachán na gcomhaltaí reatha sa tábla thíos:

Comhalta Boird	Ról	Dáta an Cheapachán
Tom Coughlan	An Cathaoirleach	Athcheaptha 12/04/2020
Michelle Quinn	An Leas-Chathaoirleach	Ceaptha 20/12/2019
Paul Kelly		Ceaptha 20/12/2019
Frank Kelly		Ceaptha 20/12/2019
Deirdre MacDonald		Ceaptha 20/12/2019
Andrew Bowers		Athcheaptha 20/12/2019
David Hughes		Ceaptha 20/12/2019
Deirdre Cullinan		Athcheaptha 12/03/2020
Ciarán Roche		Ceaptha 11/08/2020
Bríd De Buitléar		Ceaptha 11/08/2020
Mary Coyne		Ceaptha 11/08/2020
Stephen Curran		Athcheaptha 12/09/2020

Bhunaigh an Bord cúig (5) Choiste, mar seo a leanas:

1. An Coiste Iniuchoireachta, Riosca agus Airgeadais:

ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Iniuchoireachta, Riosca agus Airgeadais tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as cúrsáí ionracais airgeadais, monatóireachta agus athbhreithnithe ar na beartais agus straitéisí airgeadais, bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais agus cúrsáí dearbhaite lena mbaineann. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniuchoireachta ina measc. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bliaín.

Ba iad comhaltaí an Choiste Iniuchoireachta agus Riosca i rith 2021: Deirdre Cullinan (an Cathaoirleach), Mary Coyne, David Hughes agus Paul Kelly. Bhí seacht (7) gcruiinniú ag an gCoiste Iniuchoireachta, Riosca agus Airgeadais in 2021. Tionóladh gach cruinniú ó chian.

2. **An Coiste Stiúrtha Straitéiseach:** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Stiúrtha Straitéisigh forbairt straitéiseach an Údarás a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin.

Ba iad comhaltaí an Choiste Stiúrtha Straitéisigh i rith 2021: Tom Coughlan (an Cathaoirleach), Bríd De Buitléar, Stephen Curran, Paul Kelly, Michelle Quinn. Bhí seacht (7) gcruiinniú ag an gCoiste Stiúrtha Straitéiseach i rith 2021.

3. **An Coiste Reachtaíochta agus Treorach:** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Reachtaíochta agus Treorach monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngnéithe reachtaíochta agus treorach i gclár oibre an Údarás agus imscríudú a dhéanamh ar thograí reachtaíochta, Cód Chleachtais agus, más gá, Treorach lena mbaineann, agus conclúidí agus/nó moltaí cuí a chur faoi bhráid an Bhoird.

Ba iad comhaltaí an Choiste Reachtaíochta agus Treorach i rith 2021: Andrew Bowers (an Cathaoirleach), Ciarán Roche, Frank Kelly, Michelle Quinn agus Deirdre MacDonald. Bhí ceithre (4) chruinniú ag an gCoiste Reachtaíochta agus Treorach in 2021.

- 4. An Coiste INAB:** Is Coiste de chuid an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Bíonn dháreag comhaltaí ar Bhord INAB, a dhéanann cinní a bhaineann le creidiúnú a bhronnadh. Ceapann Bord an Údarás na comhaltaí sin. Níl aon chomhaltaí Boird ar an gCoiste seo. Tháinig an Coiste le cheile sé (6) huair in 2021.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Tugtar sceideal freastail ag na cruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2021 thíos, chomh maith leis na táillí agus speansais a fuair gach comhulta:

	An Bord	An Coiste Iniúchóireachta, Ríosa agus Airgeadais	An Coiste Stiúrtha Straitéiseach	An Coiste Reacthaíochta agus Treorach	Táillí 2021 €	Speansais 2021 €
Lón Cruinnithe	9	7	7	4		
Tom Coughlan	9		7		11,970	1,655
Michelle Quinn	9		7	4	7,695	-
Paul Kelly	9	7	7		7,695	-
Frank Kelly	9			3	7,695	-
Deirdre MacDonald	9			4	7,695	-
Andrew Bowers	7			4	7,695	-
David Hughes	9	7			7,695	-
Deirdre Cullivan	9	7			7,695	-
Ciarán Roche	9			4	7,695	-
Bríd De Buitléar	7		7		7,695	-
Mary Coyne	9	7			7,695	394
Stephen Curran	9		7		-	-
					88,920	2,060

Ní bhfuair Stephen Curran táillí Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' toisc gur oifigeach de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta é.

Athruithe ar an bPríomhphearsana

Ní raibh aon athrú ar an mBord i rith 2021.

Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntí gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ceanglaí an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016.

In 2021, fuair Príomhfheidhmeannach an Údaráis, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, 11 nochtadh chosanta ó pháirtithe lasmuigh den Údarás agus a bhain le tríú páirtithe.

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta go hinmheánach ó fhoireann an Údaráis.

Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid:

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre.

	2021 €	2011 €
Comhairle dhlí	93,926	59,783
Comhairle airgeadais/achtúireach	61,680	83,812
Sainchomhairleoireachta TF	799,822	938,447
Cumarsáid sheachtrach	39,360	53,680
Sainchomhairleoireachta sláinte ceirde	10,253	2,670
Forbairt straitéise	274,746	41,600
Acmhainní Daonna	261,135	37,065
Costais sainchomhairleoireachta iomlána	1,540,922	1,217,057

Costais sainchomhairleoireachta chaipitlithe	349,696	-
Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe	1,191,226	1,217,057
Iomlán	1,540,922	1,217,057

Costais Dlí agus Socruithe

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar shuimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear ann caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dhlí a fuair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thusa.

	2021 €	2020 €
Táillí dlí – imeachtaí dlí	7,597	47,457
Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána	-	-
Socruithe	-	-
Iomlán	7,597	47,457

Áirítear sna costais dlí seo suim €0 i leith cúinsí leanúnacha a bhaineann le gníomhaireachtaí Stáit eile.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

	2021 €	2020 €
Intíre		
An Bord	2,060	4,745
Fostaithe	550,750	476,160
Idirnáisiúnta		
An Bord	-	-
Fostaithe	1,263	29,849
Iomlán	554,073	510,754

Áirítear leis taisteal agus cothú €2,060 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird in 2021 (2020: €4,745). Níor íoc an tÚdarás Sláinte agus Sábhálteachta caiteachas taistil agus cothaithéar thar ceann na gcomhaltaí Boird in 2021 (2020: €nilas).

Caiteachas Fálteachais

Tá an caiteachas fálteachais seo a leanas sa Chuntas Iomcaim agus Caiteachais:

	2021 €	2020 €
Fálteachas foirne	570	3,748
Fálteachas cliant/eile	317	-
Iomlán	887	3,748

An Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú (2016), agus chuir sé gnáthaimh i bhfeidhm chun a chinntíú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlón an tÚdarás Sláinte agus Sábhálteachta an Cód Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú go substaintiúil le haghaidh 2021.

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

An raon freagrachta

Thar ceann Bhord an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a chinntíu go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a obriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go ndéantar taifeadadh ceart ar idirbhearta, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachaí nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil. Tá an córas rialithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhlain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dárta faofa na ráiteas airgeadais.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás chun timpeallacht chuí rialithe a chinntíu mar seo a leanas:

- ▶ freagrachtaí agus cumhactaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- ▶ nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialithe a thuirisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntí;
- ▶ próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údarás a chosaint; agus
- ▶ cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt i ngach leibhéal den eagraíocht.

An Cumas Dul i nGleic le Riosca

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas mar seo a leanas:

- ▶ cineál, méid agus tionchair airgeadais na rioscaí a bhíonn le sárú ag an Údarás a shainainthint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé atá inghlactha;
- ▶ an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheasúnú;
- ▶ cumas an Údarás chun rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú a mheasúnú;
- ▶ costais rialuite áirithe oibríochta a mheasúnú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear astu; agus
- ▶ oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntí go bhfuil tuiscint mhaith ar spriocanna an Údarás agus tacaíocht do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tionchar phaindéim COVID-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

Thosaigh paindéim COVID-19 go luath in 2020, agus idir sin agus an chomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta a d'eascair as an bpaindéim, d'athraigh cleachtais oibre an Údarás go tapa agus ó bhonn, agus chuaigh formhór fhoireann an Údarás i mbun a gcuid oibre ó chian agus go fíorúil.

Sainaithníodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) mar chomhlacht iomchuí faoi na Rialacháin um Itheachán Faoi Dhón a tháinig i bhfeidhm ar an 26 Iúil 2021. Rinneadh foireann d'Oifigigh Comhlíonta ainmnithe a bharántú, a chur faoi oiliúint agus a chur chun oibre chun seiceálacha comhlíonta a dhéanamh in earnálacha ábhartha inar theastaigh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais Eorpáigh bailí ó chustaiméirí chun dul isteach in áitreabh. Oiriúnáodh na patrún oibre chun gníomhaíocht dá leithéid a éascú lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre.

Rinne an tÚdarás monatóireacht dhlúth ar na forbairtí, ag féachaint leis na rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar oibríochtaí gnó, foireann agus páirtithe leasmhara an Údarás a mhaolú. Áirítear leis na gníomhartha a rinne an tÚdarás:

- ▶ Samhail Gnó Mar Is Gnách an Údarás a thionscnamh, agus oibríochtaí gnó an Údarás a aistriú go timpeallacht chianoibre inar féidir le formhór na bpróiseas gnó leanúint ar aghaidh mar is gnách.
- ▶ Measúnú leanúnach a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a bhain le paindéim COVID-19 agus sofhreagrúlacht an Údarás freagairt go héifeachtach orthu.
- ▶ A chinntíu go bhfuil deighilt fhóntha dualgas fós i bhfeidhm agus go mbeadh dóthain clúdaigh ar fáil dá mba rud é nach raibh údaráis faofa shonracha ar fáil.
- ▶ A chinntíu go bhfuil na beartais agus nósanna imeachta cosanta sonraí agus bainistithe taifead reatha ar fad fós i bhfeidhm sa timpeallacht chianoibre agus go bhfuil monatóireacht agus tuairisciú á dhéanamh orthu mar is gnáth.
- ▶ A chinntíu go bhfaigheann baill fairne rochtain ar líonra an Údarás ar threalamh TFC faofa an Údarás agus gur tugadh an trealamh TFC riachtanach do gach ball fairne atá i mbun cianoibre.
- ▶ Measúnú a dhéanamh ar laigí féideartha sna rialuite inmheánacha mar gheall ar COVID-19 agus bearta a dhéanamh chun monatóireacht a dhéanamh ar rialuite inmheánacha agus iad a nuashonrú de réir mar ba ghá.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeacha riarrachán lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis sin go háirithe:

- ▶ córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord;
- ▶ athbhreithnithe rialta an Bhoird ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsíula a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- ▶ spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- ▶ treoirlínte ceannaigh agus faofa atá sainithe go soiléir; agus
- ▶ disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Bíonn Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais gníomhach, a tháinig le chéile seacht n-uaire i rith na bliana, ag obair go dlúth leis an mBord ar réimsí riosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an Údarás. Leagann an Bord amach an fonn riosca don Údarás, cinntíonn sé go bhfuil próisis bainistíocha riosca i bhfeidhm agus sonraíonn sé ról agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsáid riosca. Déantar meastóireacht ar an rioscaí le clár rioscaí, ina sainaithnítear príomhrioscaí an Údaráis, agus rangaítear na rioscaí de réir na dóchúlachta agus na n-iarmhairtí don Údarás le maitríscórála chomhaontaithe. Déanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ag gach cruinniú.

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm le haghaidh na réimsí seo a leanas:

- ▶ Tuairiscíodh na nósanna imeacha le haghaidh na bpriomhphróiseas gnó ar fad;
- ▶ Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibéal bainistíochta le cuntasachta chomhfhreagrach;
- ▶ Córás buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an ardbainistíochta faoi athbhreithniú;
- ▶ Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na góras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntí, chun na sócmhainní a chosaint.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Údarás, feidhm a ghníomhaíonn de réir na bprionsabal sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2016. Cabhraíonn gnólacht iniúchóirí inmheánaí neamhspleácha leis an Údarás an pleán iniúchóireachta inmheánaí a d'fhaomh an Bord a chur i bhfeidhm. Treoráonn analís ar an riosca dá nochtar an tÚdarás obair na iniúchóireachta inmheánaí, agus bunaítear a pleannanna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla ar an analís sin. Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais leis an analís ar riosca agus na pleannanna iniúchóireachta inmheánaí agus faomhann Bord an Údaráis iad. Uair sa bliain ar a laghad, tabharfaidh an tIniúchóir Inmheánaí tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Áirítear sa tuarascáil sin tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, Feidhmeannas an Údaráis atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a forbairt agus a bhainistiú, agus ráitis a dhéanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeacha i bhfeidhm ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntí, agus gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta na nósanna imeacha sin go substaintiúil i rith 2021.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

D'athbhreithnigh an Bord an Ráiteas ar an góras Rialaithe Inmheánaigh ar an 11 Márta 2022 chun a chinntí go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe.

Chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, mheas na Bord tuarascálacha bliantúla ón bhFeidhmeannas ar phróisis bainistíochta riosca agus bainistíochta sábháilteachta chomh maith le sraith tuarascálacha airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Measadh na tuarascálacha sin i dteannta tuarascáil bhliantúil ón gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais agus tuarascálacha rialta ón Iniúchóir Inmheánaich.

Tabharfaidh na hIniúchóirí Inmheánacha faoi athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais go luath in 2022.

Deimhníم gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha in 2021. Tá dearbhú réasúnta ag an Údarás gur éifeachtach na córais rialuithe inmheánacha a thionscain agus a chuir an TÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm don bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach in 2021 a d'éileadh nochtadh sna ráitis airgeadais.

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
		€	€
Ioncam			
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta - Deontas ón Oireachtas	2	21,663,901	17,937,053
Ioncam Creidiúnaithe	3	3,282,647	2,852,810
Ioncam COMAH	4	138,950	106,100
Ioncam Eile	5	183,786	220,062
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	13	3,670,091	3,624,866
		28,939,375	24,740,891
Caiteachas			
Costais Tuarastail	6	13,533,805	12,473,351
Costais Sochair Scoir	13	5,333,901	4,927,137
Speansais Oibríochta	8	9,026,299	8,382,827
		27,894,005	25,783,315
Barrachas/(Easnamh) roimh leithreasú		1,045,370	(1,042,424)
Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipítil	12	(170,522)	47,349
Barrachas/(Easnamh) i ndiaidh leithreasú		874,848	(995,075)
An tlarmhéid a tugadh ar aghaidh an 1 Eanáir		1,150,139	2,145,214
An tlarmhéid a Tugadh ar Aghaidh an 31 Nollaig		2,024,987	1,150,139

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
		€	€
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		874,848	(995,075)
Gnóthachan/Caillteanas taithí ar oibleagáidí sochair		-	6,749,000
Athrú ar thoimhdí is bonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir		-	8,544,000
(Gnóthachain)/Caillteanais achtúireacha sa bhliain	13	-	15,293,000
Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha		-	(15,293,000)
(Easnamh)/Barrachas lomlán don bhliain		874,848	(995,075)

An Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	9	878,357	707,835
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna infhaighte	10	1,006,865	910,386
Airgead agus coibhéisí airgid		1,818,174	1,121,531
		2,825,039	2,031,917
Dliteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna iníochta	11	(800,052)	(881,778)
Glansócmhainní Reatha		2,024,987	1,150,139
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Sochair Scoir			
		2,903,344	1,857,974
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	13	139,671,957	136,001,866
Oibleagáid sochar scoir	13	(139,671,957)	(136,001,866)
Glansócmhainní Iomlána		2,903,344	1,857,974
Ag léiriú			
Cúlchistí ioncaim choinnithe		2,024,987	1,150,139
Cuntas caipitil	12	878,357	707,835
		2,903,344	1,857,974

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig
		2021 €	2020 €
Glan-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) oibríochta don bhliain		874,848	(995,075)
Dímheas	9	192,180	229,418
Aistriú (ó)/chuig Cúlchiste Caipitil	12	170,522	(47,349)
(Laghdú)/Méadú ar shuimeanna iníoctha	11	(81,726)	181,287
(Méadú)/Laghdú ar shuimeanna infhaighte	10	(96,479)	83,487
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		1,059,345	(548,232)
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíocha			
Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		1,059,345	(548,232)
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil	9	(362,702)	(182,069)
Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí airgid		696,643	(730,301)
Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig 2020		1,121,531	1,851,832
Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig 2021		1,818,174	1,121,531

Sleachta as na Nótáí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos an bunús cuntasáiochta agus na beartais shuntasacha chuntasáiochta ar ghlac an tÚdarás Sláinte agus Sábhálteachta leo. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás Sláinte agus Sábhálteachta faoin Acht um Shábhálteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (tháinig an tAcht um Shábhálteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 in áit Acht 1989). Bronnadh feidhmeanna breise ar an Údarás ina dhiaidh sin faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, agus faoi reachtaíocht eile. Tá Ceann-Oifig an Údarás san Fhoirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1 D01 K0Y8.

Leagtar amach príomhchuspóirí an Údarás in Alt 34 d'Acht 2005. Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábhálteachta (HSA) freagrach as riadar agus forfheidhmiú na sláinte agus na sábhálteachta ag an obair in Éirinn. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar chomhlónadh reachtaíochta san ionad oibre agus féadfaidh sé gníomh forfheidhmithe a dhéanamh (go dtí agus lena n-áirítear ionchúsimh). Is an tÚdarás an t-ionad náisiúnta le haghaidh faisnéise agus comhairle d'fhostóirí, fostaithe agus daoine féinfhostaithe ar gach gné den tsláinte agus sábhálteachta san ionad oibre. Cuireann an Údarás oideachas, oiliúint agus taighde i réimse na sláinte agus sábhálteachta chun cinn freisin. Tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le sainordú an Údarás, lena n-áirítear:

- ▶ Sábhálteachta, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu a rialáil.
- ▶ Feabhsúchán a chur chun cinn i sábhálteachta, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu.
- ▶ Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil agus iompar sábhálte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- ▶ Feidhmiú mar údarás faireachais maidir le reachtaíocht ábhartha an mhargaidh Eorpaigh aonair.
- ▶ Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe le haghaidh na hÉireann.

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú de réir shraith caighdeán ábhartha 17000 de chuid Eagraíochta Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO). Is é comhlacht náisiúnta na hÉireann é i lónra Eorpach na gcomhlacthaí creidiúnaithe. Déanann INAB measúnú ar chomhlacthaí creidiúnaithe, saotharlanna agus comhlacthaí cigireachta le seiceáil an gcloíonn siad le caighdeán chomhchuibhithe idirnáisiúnta, ag soláthar dearbhú go léiríonn na comhlacthaí sin inniúlacht agus cumas feidhmíochta ina gcuide oibre.

Bunaíodh INAB mar Choiste Forfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 arna leasú le hAlt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Faoi Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaileadh), 2014, aistríodh INAB mar Choiste de chuid an Údarás Sláinte agus Sábhálteachta, agus aistríodh feidhmeanna agus foireann iomlán INAB go dtí an tÚdarás.

Is é an tÚdarás an comhlacht atá freagrach as creidiúnú de réir an dlí. Tarmligtear an fhreagracht sin chuig an gCoiste (ar a dtugtar an Bord Creidiúnúcháin i reachtaíocht 2014). Ceapann Bord an Údarás comhaltaí an Bhoird Creidiúnúcháin agus is fostaithe de chuid an Údarás iad an fhoireann a shanhtar do INAB chun tabhaint faoina fheidhmeanna laethúla.

Is Eintiteas ar mhaithe le Leas an Phobail é an tÚdarás.

b) An Ráiteas ar Chomhlónadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), mar a fheidhmíonn Chartered Accountants Ireland iad.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadas i bhformáid a d'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le comhthoilliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach ag déileáil le hítimí a mheastar is gá maidir le ráitis airgeadais an Údarás.

d) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhráithe go hiondúil; eisceacht amháin is ea na Deontais ón Oireachtas, a aithnítear ar bhonn admhlácháir agus Fostaíochta, le comhthoilliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach ag déileáil le hítimí a mheastar is gá maidir le ráitis airgeadais an Údarás.

Ioncam INAB

Léiríonn ioncam do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) ioncam a gcuirtear sonrasc ina leith i rith na bliana.

Ioncam COMAH

Ioncam ó chostais in-aisghabhála ar cuireadh sonrasc ina leith i rith na bliana as cigireachtaí agus imscrúduithe a dhéanamh faoi na Rialacháin um an Acht Ceimiceán, 2015.

Ioncam Eile

Taifeadtar gach ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon fhórála le haghaidh bearnú. Foráiltear do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide an luach iarmharach measta a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscíobh de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

Troscán agus trealamh oifige	20%	De réir méid chothroim
Trealamh ríomhaireachta	33.33%	De réir méid chothroim
Trealamh eolaíochta	20%	De réir méid chothroim
Daingneáin agus fearais	10%	De réir méid chothroim
Forbairt Bogearrai	10%	De réir méid chothroim

Feidhmíonn an tÚdarás beartas tairsí caipitlithe €1,000.

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair dá ndiúscrófaí sócmhainn, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus sa bhail a mbeiff ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú ar luach na sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

f) Cuntas Caipitil

Cuimsítear sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh na ndeontas caipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a chistíú.

g) Airgeadra Eachtrach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dháta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malartaithe tráth na n-idirbheart bunaidh.

Déileáladh le brabús agus caillteanais a eascraíonn as aistrithe airgeadra eachtraigh agus ar shocrú suimeanna infhaighte agus iníoctha sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cuntas Cúlchistí Coinnithe.

h) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte ag a luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta in ann na suimeanna ar fad atá ag dul dó a bhailíú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

i) Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibríochta sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, seachas má tá méaduithe cíosa ann a bhaineann leis an ráta measta boilscithe, nuair a aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

j) Sochair Fostaithe**Sochair Ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bliaín, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag déireadh na bliana sna Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a scéim pinsin le sochar sainithe roimhe seo, scéim a mhaoiniútar go bliantúil ar bhonn íoc mar a théitear ó airgead a thugann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastal foirne agus ball. Feidhmíonn an tÚdarás Scéim Aonair Pinsin na Seirbhísí Poiblí ("an Scéim Aonair") freisin, scéim sochair shainithe do stáitseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiadh sin. Íocatar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsean sochair pinsean a thuill fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear suim a chomhfheagraíonn don mhuirear pinsean mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bliaín chun focaíochtaí pinsean a íoc.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfheagraich sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údarás agus aon mhaoiniú lena mbaineann, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáiochta a dtuilteann fostaithe iad. Tomhais teorainn dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

k) Forálacha

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an Údarás mar thoradh ar imeachtaí a tharla roimhe sin; is dóigh go mbeadh eas-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; agus is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar shuim na hoibleagáide.

l) Teagmhais

Ní aithnítear dliteanas teagmhais a eascraíonn as imeachtaí a tharla roimhe seo (i) nuair nach dóigh go mbeidh eas-sreabhadh acmhainní ann nó nuair nach féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa ar an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar gurb ann dó mar go dtarlaíonn nó nach dtarlaíonn imeachtaí éiginnte sa todhchaí nach bhfuil smacht iomlán ag an Údarás orthu. Nochtar dliteanas teagmhais sna ráitis airgeadais murar dóigh ar chor ar bith go mbeidh eas-sreabhadh ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhais. Nochtar sócmhainní teagmhais sna ráitis airgeadais nuair is dóigh go mbeidh insreabhadh sochar geilleagrach ann.

m) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Éilitear ar an lucht bainistíochta, agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Ach mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh go mbeadh an-difríocht idir na tortháí iarbhír agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealmaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní a bhíonn faoi réir amúchadh le haghaidh bearnú nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chíúnsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas bearnúcháin don tsuim dá síráonnu suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann suim in-aisghabhála agus luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide, pé acu is mó. Ar mhaithe le bearnú a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpaí ag na leibhéal is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaithseanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Athbhreithnítear sócmhainní neamhairgeadais ar tharla bearnú orthu le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna iarmharacha

D'athbhreithnítear na Stiúrthóirí saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha lena mbaintear na n-aicmí sócmhainní seasta ar fad, agus go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna iarmharacha daingneán agus fearsas, agus bhain siad de tháthil as sin ar fad go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

Forálacha

Déanann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta forálacha d'oibleagáidí dlí agus inchiallaithe, nuair is eol dó go bhfuil siad gan fóigheann agus aon athruithe ar eolas stairiúil nó ar eolas ábhartha eile, coigeartaithe do threochtaí le deireanaí nuair is gá. Ach is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí nach dtarlóidh go ceann roinnt mhaith blianta seans. Dá bhrí sin, agus de bharr a mhéad éiginnteachta a bhaineann leis na tortháí deiridh, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar athbhreithniú blantúil, bunaithe ar na dalaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleannanna pinsin agus iarscoir, ar na toimhdí is bonn taca do na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí threochtaí na gcostas cúram sláinte).

D'fhéadfadh siad seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdeáin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán,
- (ii) leibhéal cúitimh sa todhchaí, dálaí mhargadh an tsaothair sa todhchaí
- (iii) rátaí treocheata costas cúraim sláinte, ráta boilscithe na gcostas leighis sna réigiúin ábhartha.

2. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
	€	€
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta – Vóta 32 – Fofheideal C5	22,422,000	18,122,000
Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaithe a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	(626,399)	(98,816)
Ranníocaíochtaí na Scéime Singil a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	(131,700)	(86,131)
	21,663,901	17,937,053

I ndiaidh é a phlé leis an Roinn, cuireadh socrú nua i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 trána
bhfaigheann an tÚdarás maoiniú breiseanois mar mhír líne scoite inár leithdháileadh Deontais Stáitche
gach bliain i leith íocaíochtaí cnapschuime agus cuireann an tÚdarás na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe
ar fad ar aghaidh chuig an Roinn gach mí.

3. IONCAM CREIDIÚNAITHE

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
	€	€
Ioncam Creidiúnaithe	3,282,647	2,852,810

I ndiaidh dhíscaoileadh Forfás in 2014, aistríodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chuig an
Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá INAB freagrach as gníomhaíochtaí creidiúnaithe agus cuireann sé
sonraisc chuig claint as an obair a dhéantar.

4. IONCAM COMAH

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
	€	€
Ioncam COMAH	138,950	106,100

In 2016, thug an tÚdarás sceideal táillí isteach le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla cigireachta agus
imscrúdaithe faoi na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí
Contúirteacha i gCeist), 2015.

5. IONCAM EILE

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
	€	€
Ioncam ó Chúrsa Oiliúna Tiománaithe	50,000	50,000
Fíneálacha ADR	19,700	11,790
Díolacháin Fhoilseacháin an Údaráis	-	-
Ioncam ECHA	6,614	30,704
Ilghnéitheach (Seimineáir, DLÍ, Speansais Finnéithe, Coimisiún an Aontais Eorpaigh)	107,472	127,568
	183,786	220,062

Baineann ioncam fíneálacha ADR le fíneálacha a d'eisigh cigirí as sárú reachtaíochta maidir le hearraí contúirteacha a iompar.

Baineann ioncam ECHA le fostú chigirí an Údaráis chun obair a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.

6. COSTAIS TUARASTAL

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha na foirne	12,341,685	11,420,186
ÁSPC an fhostóra	1,192,120	1,053,165
Costais Tuarastal lomlána	13,533,805	12,473,351

Sochair Ghearrthéarmacha na Foirne

Buntuarastal	12,106,455	11,341,433
Ragobair	18,971	23,967
Liúntais	216,259	34,936
Costais chúitimh eile	-	19,850
	12,341,685	11,420,186

Deimhníonn an tÚdarás nár íocadh aon íocaíocht foirceanta i rith 2021.

6. COSTAIS TUARASTAL (*ar lean*)

Líon Foirne

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
Leibhéal Foirne larbhír amhail deireadh na bliana – Gairmiúil/teicniúil	135.2	131.9
Leibhéal Foirne larbhír amhail deireadh na bliana – Riarachán	69.6	52.8
	204.8	184.7

Baineadh tobhach pinsean €501,807 (2020: €475,435) ó chomhaltaí foirne agus íocadh é leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020
€	€

Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (An Dr Sharon McGuinness) – Pá comhlán	150,376	147,778
---	---------	---------

Taisteal agus Cothabháil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Costais Taistil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (An Dr Sharon McGuinness)	750	3,373
---	-----	-------

Fuair an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin tuarastal €150,376 agus speansais dar luach €750 in 2021.

Ní bhfuair an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin aon bhónas ná peoraisí sa bhliain.

Tá teidlíochtaí sochair pinsin an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin ag teacht leis na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim samhla aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

Miondealú ar Shochair Fostaithe

Raon na sochar fostaithe iomlán	Líon Fostaithe		
Ó	Go	2021	2020
€60,000 - €69,999		32	55
€70,000 - €79,999		40	26
€80,000 - €89,999		20	16
€90,000 - €99,999		10	3
€100,000 - €109,999		3	8
€110,000 - €119,999		5	0
€120,000 - €149,999		1	1
Iomlán		111	109

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair gharrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostáí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.

7. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS NA gCOMHALTAÍ

Comhalta Boird	2021	2021	2020	2020
	Táillí	Speansais	Táillí	Speansais
	€	€	€	€
Tom Coughlan (an Cathaoirleach)	11,970	1,665	11,970	4,462
Michelle Quinn	7,695	-	7,695	-
Paul Kelly	7,695	-	7,695	-
Frank Kelly	7,695	-	7,695	-
Deirdre MacDonald	7,695	-	7,695	-
Andrew Bowers	7,695	-	7,695	-
David Hughes	7,695	-	7,695	-
Deirdre Cullivan	7,695	-	7,695	-
Ciarán Roche	7,695	-	3,848	-
Bríd De Buitléar	7,695	-	3,848	-
Mary Coyne	7,695	394	3,848	283
	88,920	2,060	77,379	4,745

Ní bhfuair Stephen Curran táillí Boird faoin bpriónsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' toisc gur oifigeach de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta é.

8. SPEANSAIS OIBRÍOCHTA

	Iomlán 2020 €	Iomlán 2019 €
Cóiríocht	1,570,245	1,628,983
Costais chumarsáide	282,975	167,181
Taisteal agus Cothabháil – náisiúnta	552,810	480,906
Taisteal agus Cothabháil – idirnáisiúnta	1,263	29,849
Foilseachán agus margáiocht	1,108,137	917,169
Seirbhísí dlí	101,523	107,240
Taighde	40,658	74,680
Seirbhísí airgeadais	467,852	398,309
Pinsin agus acmhainní daonna	25,010	17,771
Sainchomhairleoireacht eile	471,790	356,465
Creidiúnú – costais measúnóirí seachtracha (nóta 3)	856,360	709,813
Athbhreithniú ar phróiseas gnó	1,006,446	613,586
Costais foirne	798,923	557,146
Soláthairtí trealamh ghinearálta	155,650	170,866
Infheistíocht i bhfoghlaim	157,810	153,238
Costais teicneolaíochta	958,943	1,610,738
Dímheas	192,180	232,272
Táillí iniúchóireachta inmheánaí	35,154	27,894
Táillí iniúchóireachta seachtraí	19,300	19,000
Táillí na gComhaltaí	88,920	77,378
Eile	132,730	32,343
Drochfhiacha	1,620	-
	9,026,299	8,382,827

Áirítear le speansais oibríochta muirear €887 (2020: €3,748) i ndáil le suimeanna a d'íoc an tÚdarás as fáilteachas foirne.

Aguisín 2:

Cigireachtaí, Imscrúduithe agus lonchúsimh

Tábla 2.1 Líon na gcigireachtaí agus na n-imscrúduithe ar an ionad oibre 2010–2021



Tábla 2.2 Cigireachtaí agus imscrúduithe ar an ionad oibre de réir earnáil gheilleagrach agus gníomh forfheidhmithe, 2021

Earnáil gheilleagrach	Cigireachtaí agus imscrúduithe ¹	Fógra nó treoir feabhsúcháin	Fógra toirmisc	Comhairle i scribhinn
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	400	13	13	215
Mianadóireacht agus cairéalú	261	9	10	164
Déantúsaíocht	1,502	44	16	1,006
Soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin	81	6	4	64
Foigrníocht	2,865	82	206	1,448
Trádáil mórdhíola agus miondíola, deisiúchán mótarfheithiclí agus gluaisrothar	1,519	59	13	1,186
Iompar agus stóráil	668	10	10	518
Gníomhaíochtaí seirbhísí cóiriúchta agus bia	224	4	1	127
Sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta	446	13	0	342
Earnálacha eile	620	6	5	214
Iomlán	8,586	246	278	5,284

1 Áirítear anseo cigireachtaí agus imscrúduithe san ionad oibre a rinneadh faoi reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceirde agus ceimiceán.

Tábla 2.3 Clár imscrúdaithe sábháilteachta agus sláinte ceirde agus ceimiceán, 2021

Imscrúduithe ar ghearáin	Tugadh túis áite do cheisteanna a tarraingíodh anuas leis an Údarás mar ghearáin nó ábhair imní. Bhain gearáin le ceisteanna sábháilteachta agus sláinte ceirde agus comhlónadh COVID-19 arao. Chuaigh Láirionad Teagmhála an Údarás i ngleic leo sin leis an té ar a raibh dualgas go hiondúil ach, nuair ba ghá, sannadh ar an gcigireacht iad lena n-imscrúdú. D'fhéadfadh ábhar imní a tharraingtear anuas leis an Údarás bonn eolais a chur faoi chigireachtaí ar ionaid oibre shonracha nó iad a threorú.	890
Imscrúdú ar thimpistí/tharluithe contúireachta	Imscrúdaíodh gach timpiste san ionad oibre ina bhfuair duine bás. Tugadh túis áite do thimpistí tromchúiseacha eile dá n-imscrúdú, má cuireadh ar shúile an Údarás iad, nó rinne siad bonn eolais a chur faoi chigireachtaí ar ionaid oibre shonracha nó iad a threorú. Rinneadh imscrúdú freisin ar eachtraí contúirteacha áirithe, fiú murar gortaíodh aon duine.	219
Iomlán		1,109

Tábla 2.4 Bainistíocht COVID-19 in 2021

Cigireachtaí ar an ionad oibre a rinneadh a bhain le COVID-19 agus an Prótacal um Oibriú go Sábhálte	Torthaí na gcigireachtaí – comhlónadh na bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábhálte agus um Oibriú go Sábhálte	
	Líní na gcigireachtaí ar fud na n-earnálacha ar fad	7,437
	► An bhfuil bearta rialaithe COVID-19 i bhfeidhm?	comhlónadh 90%
	► Ar ullmhaíodh Plean Freagartha COVID-19?	comhlónadh 80%
	► An bhfuair na fostaithe oiliúint ionduchtúcháin COVID-19?	comhlónadh 87%
	► Ar ceapadh ionadaí Oibrithé COVID-19?	comhlónadh 77%
Na Rialacháin um Itreachán faoi Dhón – seiceálacha comhlíonta	I dteannta Fheidhmeannacht na Seirbhise Sláinte, sainaithníodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) mar chomhlacht iomchuí faoi na Rialacháin um Itreachán Faoi Dhón a tháinig i bhfeidhm ar an 26 Iúil 2021. Roimh an 31 Nollaig 2021, thug an tÚdarás faoi 2,402 seiceáil comhlíonta ar ghnóthaí faoi na rialacháin nua sin. As na seiceálacha comhlíonta a rinneadh:	
	► bhí córas i bhfeidhm ag 96% d'oibritheoirí faoi dhón chun stádas imdhíonachta a sheiceáil.	
	► fuair 7% d'oibritheoirí faoi dhón gníomh forfheidhmithe.	
	► Theastaigh bearta breise comhlíonta ó 10% de na hoibreoirí faoi dhón.	

Tábla 2.5 Toradh na n-ionchúiseamh a críochnaíodh in 2021

Cineál imeachtaí	Líon iomlán a éisteadh	Dífe/Cúiseanna caite amach	Áachomharc	Pianbhreith ar hionraí	Seirbhís Phobail	An tAcht Promhaidh	Ordú Cúitimh	Fíneálacha
Ar díotáil	16	0	2	0	0	0	0	€690,000
Go hachomair	2	0	0	0	0	0	0	€2,750
Iomlán	18	0	2*	0	0	0	0	€692,750

Tábla 2.6 Sonraí na n-ionchúiseamh a críochnaíodh in 2021

Achoimre ar na hionchúisimh

Roadstar Paving Limited

isteadh an cás seo i gCúirt Dúiche na hUaimhe ar an **22 Eanáir 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chuíseamh. Ar an 25 Meán Fómhair 2019, ag áitreabh in Grange, Dún Samhnaí, an Uaimh, Co. na Mí, theip ar an gcúisí a chinntíú go raibh gléasanna cúnta leordhóthanacha suiteáilte chun infheictheacht a fheabhsú. Bhí réimse radhairc díreach an tiománaí neamhdhóthanach ar Skid Steer, agus dá réir, d'fhulaing fostai díobháil phearsanta nuair a chuaigh siad i ngéibheann idir an fheithicil agus réad do-aistrithe.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 40(b)(v) contrártha do 77(2)(c)	Na Rialachán um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007; An tAcht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€750
Rialachán 40(b)(v)	Na Rialachán um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh

Irish Research Centre for Resource Efficiency CLG

Éisteadh an cás seo i gCúirt Dúiche an Aonaigh ar an **9 Nollaig 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i dtrí chuíseamh. Ar an 25 Bealtaine 2020, ag áitreabh in Aonad 5, Riverside Business Park, an tAonach, Co. Thiobraid Árann, theip ar an gcúisí córas oibre a sholáthar maidir le tuaslagán cailciam maignéisiam a ullmhú san áitreabh céanna sin, córas oibre a pleanáladh, a eagraíodh, a rinneadh, a cothaíodh agus a athbhreithníodh de réir mar is cuí, agus theip air bearta rialaithe leordhóthanacha cui a chur i bhfeidhm chun gortuithe d'fhostaithe a chosc, agus dá réir, d'fhulaing fostai díobháil phearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(g) contrártha do 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€2,000
Alt 8(1) agus 8(2)(g) contrártha do 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh
Alt 8(1) agus 8(2)(e) contrártha do 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh

Ionchúisimh ar díotáil

Duine aonair a ionchúiseamh

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Chill Mhantáin ar an **13 Eanáir 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 19 Samhain 2016, theip ar an gcúisí, conraitheoir, a chinntíú nár cuireadh nó nár carnadh ábhar ar an láithreán gar d'imeall tochailte, áit ar dhóigh go gcuirfeadh sé daoine ag obair thíos faoi i gcontúirt, agus dá réir, d'fhulaing duine díobháil phearsanta agus fuair siad bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 56(a) contrártha do 77(9)(a)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013; An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€3,000

Brian Conneely & Company Limited

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Chill Mhantáin ar an **26 Eanáir 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i dtrí chuíseamh. Ar an 8 Nollaig 2016, ar nó gar do South Beach, na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin, theip ar an gcúisí, fostóir, a chinntíú go raibh Neuson 9001, feithicil dumpaire ar an láithreán 9 dtonna túis-ualaithe, nár dearadh chun paisinéirí a iompar, á obriú agus á úsáid chun paisinéirí a iompar, agus dá réir, d'fhulaing duine (nár fhostaí leo iad), díobháil phearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 contrártha d'Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€15,000
Rialachán 19(1)(b) contrártha d'Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013; An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh
Rialachán 16(b), contrártha d'Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh

Tom Lynes Plant Hire Limited

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chóiriúil Chuarda Chorcaí ar an **19 Feabhrá 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 20 Iúil 2018, theip ar an gcúisí, ag Baile Eilís, Mala, Co. Chorcaí, crios eisiamh a chur i bhfeidhm chun coisithe a dheightilt ó fheithiclí oibriúcháin, agus dá réir, d'fhulaing duine diobháil phearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus Alt (8)(2)(a) contrártha do A77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€80,000*
Rialachán 25(1)(a) contrártha do 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013; An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh

*Tabhair faoi deara: tá déine na fineála á hachomharc

Jackson Engineering (Castlebar) Limited

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Shligigh ar an **19 Feabhrá 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 1 Meán Fómhair 2018, theip ar an gcúisí, ag áitreabh monarchana G Bruss GmbH, Bóthar Fhionnasclainn, Sligeach, arbh áit oibre é, a chinntí go ndearnadh oibríochtaí ardaithe a bhain le haistriú agus nascadh géige craenach le láimhseálaí géige ar thrucail forcardaitheora ag an áit oibre chun sábháilteacht na bhfostaithe a chosaint. Ceadaíodh d'fhostaí oibriú i grios contúirte in aice le géag shaorsheasaimh na craenach, agus dá réir, d'fhulaing an fostai diobháil phearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 42(a) contrártha d'Alt 77(9)(a)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€30,000
A8(2)(a) contrártha do A77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh

Irish Distillers Limited

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chóiriúil Chuarda Chorcaí ar an **23 Feabhra 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 12 Márt 2018, theip ar an gcúisí, a d'oirbhígh áitreabh trádóstórais ag Dún Guairne, Co. Chorcaí, a chinntíú go raibh rialacha tráchta cuí ullmhaithe agus á gcomhlíonadh nuair a bhí trealamh oibre, forcardaitheoir, ag bogadh timpeall i limistéir oibre. Theip ar an gcúisí guais a shainaithint san ionad oibre sin, stáitsiú bairillí fuisce ag oibríochtaí forcardaitheora lasmuigh den trádóstóras go sonrach, agus theip air na rioscaí a chruthaigh an ghuais a mheasúnú agus theip air measúnú scríofa ar na rioscaí a bheith ina sheilbh.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€10,000
Rialachán 41(a) contrártha do 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€30,000

Colin Wendel Developments Limited

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chóiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath ar an **23 Aibreán 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 24 Deireadh Fómhair 2016, ag 39 Bóthar an Ghoirt Aird, Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6, theip ar an cúisí scafalra a bhí á chur in airde ag an áitreabh sin a bhainistiú. Bhí an scafalra lochtach, contúirteach agus corrach. Go háirithe, bhí ardán an scafalra ró-ard, bhí ráille cosanta uachtair an scafalra ró-íseal agus ní raibh ann ach ráille cosanta seifitthe a rinneadh as feadán trilseánach. Ní raibh an ráille cosanta ceangailte den scafalra i gceart agus bhí sé corrach agus thit sé as a chéile. Chuir fostaithe an chúisí an scafalra in airde, cé nach raibh cártáí cláraithe scafalra bailí acu, agus dá réir, d'fhulaing duine díobháil phearsanta agus fuair siad bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 contrártha do 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€40,000

Duine aonair a ionchúiseamh

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chóiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath ar an **23 Aibreán 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 24 Deireadh Fómhair 2016, bhí an cúisí ina stiúrthóir ar chuideachta ar theip uirthi a gnóthas a bhainistiú agus a sheoladh ar bhealach a chinnteodh agus obair ar bun nach mbeadh daoine san áit oibre neamhchosanta ar rioscaí dá sábháilteacht, sláinte agus leas. Go háirithe, bhí an scafalra a chuir fostaithe an chúisí in airde ag an áitreabh sin lochtach, contúirteach agus corrach. Go háirithe, bhí ardán an scafalra ró-ard; bhí ráille cosanta uachtair an scafalra ró-íseal agus ní raibh ann ach ráille cosanta seifitthe a rinneadh as feadán trilseánach. Ní raibh an ráille cosanta ceangailte den scafalra i gceart agus bhí sé corrach agus thit sé as a chéile. Chuir fostaithe an chúisí an scafalra in airde, cé nach raibh cártáí cláraithe scafalra bailí acu.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 contrártha do 77(2)(a) agus Alt 80.	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€5,000

**Telstar
Investments
Limited**

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath ar an **19 Iúil 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 24 Meitheamh 2016, ag Teach Findlater, Plás Findlater, Baile Átha Cliath 1, theip ar an gcúisí gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar shlí a chinnteodh, a mhéid ab indéanta go réasúnach, sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe ag an obair i leith cláir shíleála ina raibh aispeist a bhaint agus an smionagar gaolmhar a ghlanadh, rud a nocht na fostaithe don riosca go n-análófaí snáithíní aispeiste.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(a) contrártha do 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€7,500*
Rialachán 8(1) contrártha d'alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Risíocht le hAispeist) 2006 agus 2010 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh

***Tabhair faoi deara:** Tá leibhéal na fíneála á hachomharc ar bhonn trócaire mhíchuí

**Duine aonair a
ionchúiseamh**

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Mhuineacháin ar an **12 Deireadh Fómhair 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Idir an 1 Bealtaine 2015 agus an 12 Lúnasa 2015 (agus na dátaí sin san áireamh) i gCo. Mhuineacháin, theip ar an gcúisí maor tionscadail inniúil don phróiseas deartha a cheapadh i scribhinn ag nó roimh thús phróiseas deartha na n-oibreacha foirgníochta, agus theip ar an gcúisí maor tionscadail inniúil don chéim foirgníochta a cheapadh i scribhinn ag nó roimh thús na n-oibreacha foirgníochta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 6(1)(a) contrártha do 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€1,000
Rialachán 6(1)(b) contrártha do 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€1,000

Deane Public Works Limited

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Leitir Ceanainn ar an **5 Samhain 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 15 Eanáir 2018, theip ar an gcúisí córas oibre sábhálte a sholáthar i dtaobh rochtain, aistriú agus suiteáil pontún san uisce ag Hydro Racebridge, Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall, agus dá réir, d'fhuilaing fostáí díobháil phearsanta agus fuair siad bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(e) contrártha do 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€40,000

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Luimnigh ar an **1 Samhain 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i dtrí chúiseamh. Ar an 14 Aibreán 2015, ag Clós Inneala Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, an Caisleán Nua, Co. Luimnigh, theip ar an gcúisí bealach sábhálte rochtana agus fágala don chlós inneala a sholáthar, agus theip air a chinntí gur oibrigh na geataí meicniúla san áit oibre sin ar bhealach a d'fhágfadh nach raibh aon riosca timpiste d'fhostaithe ann. Go háirithe, níor suiteáladh aon bhraiteoirí lasmuigh den gheata, agus ní raibh fórsa an gheata á theorannú ag cosaint imill tosaigh idir imill tosaigh an gheata agus na himill tosaigh ar an taobh eile, ná ag teorannú an fhórsa dúnta a bhrúigh an geata, agus dá réir, d'fhuilaing fostáí díobháil phearsanta agus fuair siad bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(2)(c)(ii) contrártha do 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€75,000
Rialachán 11(h)(i) contrártha d'Alt 77(9)(a)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh
Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	Arna cur san áireamh

Quinn Piling Limited

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda na Gaillimhe ar an **4 Samhain 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 29 Eanáir 2017, ag nó gar do Chuan Ros an Mhíl, Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe, theip ar an gcúisí, fostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh go sábhálte – go háirithe soláthar agus rialú aerí chomhbhrúite ar bháirse amach ón gcósta (a raibh aer comhbhrúite á fháil uaidh go cianda trí phíobáin ó chomhbhrúiteoirí aerí ar an gcósta), agus dá réir, d'fhuilaing fostáí díobháil phearsanta agus fuair siad bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(2)(a) contrártha do 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€25,000

Duine aonair a ionchúiseamh

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chóiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath ar an **9 Nollaig 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 23 Meitheamh 2016, theip ar an gcúisí, ag áitreabhadh le gníomhaíochtaí oibre, a chinntíú gur stopadh gníomhaíochtaí oibre agus gur fhág gach duine an límistéar i ndiaidh greamán 'aispeiste' a aimsiú ar chlár síleála, agus dá réir nochtadh daoine don riosca go n-análófaí snáithíne aispeiste.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 14(b) contrártha d'Alt 77(2)(b)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€12,500

FVG Construction and Maintenance Limited

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda na Gaillimhe ar an **8 Nollaig 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 14 Deireadh Fómhair 2019, ag láithreán foirgníochta ag Coiste na Páircé, na Forbacha, Co. na Gaillimhe, theip ar an gcúisí, fostóir, a chinntíú go raibh Cártá Deimhnithe Scileanna Foirgníochta cuí agus bailí le haghaidh Oibríocht Dumpaire ar an Láithreán ag a fhostaí, agus theip air a chinntíú go ndearnadh gléasra agus innealra a chothabháil ar bhealach a chinnteodh go raibh siad sábháilte agus gan riosca don tsláinte, eadhon dumpaire Benford 6 thonna a bhí á oibriú ag fostai.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 25(b) contrártha d'Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€25,000
Alt 8(2)(c) contrártha d'Alt 72(2)(a)	Safety, Health and Welfare at Work Act 2005	Pléadáil chiontach	€25,000

Faser Court Limited

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Loch Garman ar an **10 Nollaig 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 1 Aibreán 2016, ag Coolishall Quarry, Guaire, Co. Loch Garman, theip ar an gcúisí a chinntíú sular tosaíodh nó atosaíodh oibríochtaí cairéalaithe i límistéar áirithe den chairéal go ndearnadh measúnú geoiteicniúil ar thochailt ina raibh airde na haghaidhe os ciann 20 méadar ag aghaidh soir ó dheas an chairéil, agus nuair a bhí an tochailt thuslauite i límistéar áirithe den chairéal ina raibh obair beartaithe.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 54(2) contrártha d'Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil), 2008; An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€175,000

Comhairle Chontae Uíbh Fháilí

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Uíbh Fhailí ar an **21 Nollaig 2021**. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Idir an 23 Eanáir 2019 agus an 25 Eanáir 2019, theip ar an gcúisí, ag carrchlós Shráid Chill Bhríde, Tulach Mhór, áit oibre faoina rialú mar fhostóir, na guaiseacha san áit oibre sin a shainainthint; theip air na rioscaí a chruthaigh na guaiseacha sin a mheasúnú, nó measúnú scríofa ar na rioscaí a bheith ina sheilbh maidir le colún soilsithe a bhaint ag an gcarrchlós thuslauite; theip air córais shábháilte oibre a sholáthar maidir le colún soilsithe a bhaint ag an gcarrchlós thuslauite; agus dá réir, d'fhuilaing fostai díobháil phearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(e) contrártha do 77 (9)(a)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€40,000
Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(c)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Pléadáil chiontach	€50,000

Aguisín 3:

Ionadaíocht AE agus Idirnáisiúnta in 2021

Mar an t-údarás náisiúnta agus an ceannasaí náisiúnta ar reachtaíocht sláinte agus sábhálteachta ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh, ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i gcoistí agus sainmheithleacha AE agus idirnáisiúnta i rith 2021. Mar Údarás Inniúil do REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin) agus CLP (Aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán), ghlac an tÚdarás páirt i raon cruinnithe de chuid an Aontais Eorpach, a raibh a bhformhór ar siúl go fíorúil mar gheall ar shrianta COVID-19 a bhí i bhfeidhm. Ag na cruinnithe ar fad, chuir an tÚdarás seasamh na hÉireann in iúl go héifeachtach chun tionchar a imirt ar thoradh a théann chun tairbhe na hÉireann nó nach gruthaíonn míbhuntáiste d'Éirinn. Thug an tÚdarás ionchur teicniúil, eolaíochta agus beartais freisin ag leibhéal AE agus idirnáisiúnta eile mar a d'iarr an tAire agus RFTF. I rith 2021, bhí INAB páirteach freisin i gcruiinnithe Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus rinne sé ionadaíocht ar Éirinn acu.

Ní liosta cuimsitheach é an liosta thíos, ach pléitear ann na cruinnithe coistí agus na cruinnithe agus imeachtaí AE/ idirnáisiúnta is tábhactaí ar ar fhreastail an tÚdarás in 2021.

Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta – Ceimiceáin	Líon na gcruiinnithe/ na n-imeachtaí ar ar freastalaíodh
Bord Bainistíocha na Gníomhaireachta Eorpáí Ceimiceán (ECHA) (go dtí an 31 Bealtaine 2021); d'fhón RFTF ról comhalta na hÉireann ó mhí an Mheithimh.	1
Coiste Airteagal 133 REACH	6
Údarás Inniúil agus Foghrúpaí CARACAL le haghaidh REACH agus CLP	9
Coiste Measúnaithe Riosca ECHA	12
Coiste ECHA um Anailís Shocheacnamaíoch	4
ECHA – Coiste na mBallstát	4
Fóram ECHA ar Fhorfheidhmiú Rialacháin REACH, CLP agus Rotterdam	3
Sainghrúpa ECHA um Shuaiteoirí Inchríneacha	1
Sainghrúpa ECHA maidir le Substaintí Marthanacha, Bithcharnacha agus Tocsaineacha (PBT)	3
Grúpa Stiúrtha HelpNet ECHA le haghaidh Dheasca Cabhrach na mBallstát agus foghrúpa	9
An Mheitheal um Ghlantach	1
Coiste an Údarás Náisiúnta Ainmnithe le haghaidh Rialachán Rotterdam	0
ECHA – RiME+: Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca (Ceimiceáin)	5
ECHA – Grúpa Úsáideoirí TF GMSC	4
ECHA – Líonra Cumarsáidithe na mBallstát	1
An Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht ón Aontas Eorpach – cruinnithe agus meithleacha/ceardlanna gaolmhara	5
Coiste Seveso an Aontais Eorpach d'Údarás Inniúla	0
Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le rialú guaiseacha mórrthionóiscí ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist ("Sainghrúpa Seveso")	1
An Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha	1
Coiste an Aontais Eorpach um lompar Earraí Contúirteacha	1
Sainghrúpa an Aontais Eorpach um lompar Earraí Contúirteacha	2
Comhchrúinníú an Choiste Sainedolaithe RID agus na Meithle um lompar Earraí Contúirteacha	1
Iomlán	74

Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta – Sábhálteach agus Sláinte Ceirde	Líon na gcrinnithe/ na n-imeacthaí ar ar freastalaíodh
Coiste Comhairleach um Shábhálteach agus Sláinte ag an Obair (grúpaí sainleasa agus ceardlanna ina measc)	6
Bord Bainistíochta EU-OSHA	4
Líonra Lárionad EU-OSHA	3
Meitheal Comhpháirtíochta Cumarsáide EU-OSHA	3
Meitheal an Aontais Eorpáigh um Ionaid Oibre	6
Meitheal an Aontais Eorpáigh um Threalamh Scáileán Taispeána	6
Meitheal an Aontais Eorpáigh um cheisteanna a bhain leis an bPaindéim agus Sábhálteach agus Sláinte Ceirde	2
Comhairle Sábhálteachta lompair na hEorpa – sábhálteachta ar bhóithre a bhaineann leis an obair	3
Comhairle Sábhálteachta lompair na hEorpa (ETSC)	1
Coiste Comhairleach Parlaiminteach ar Shábhálteachta lompair – an Fóram Sábhálteachta ar Bhóithre a bhaineann leis an Obair	3
Grúpa Gníomhaíochta Cost SACURIMA ar Thalmhaíocht	16
Coiste na gCigíri Sinsearacha Saothair	
• Lánchrunniú agus Lá Téamach Choiste na gCigíri Sinsearacha Saothair	3
• Meitheal Ceimiceán	2
• Meitheal Bitheolaíochta	2
• Meitheal ar Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe Ginearálta	2
Buan-Mheitheal an Aontais Eorpáigh um Thionscail Eastóscacha	2
Príomhchigíri Mianach an Aontais Eorpáigh	0
Machex	9
Iomlán	73

Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - tárgí tionsclaíocha agus faireachas margaidh	Líon na gcruiinnithe/ na n-imeachtaí ar ar freastalaíodh
Faireachas Margaidh – Líonra an Aontais Eorpaigh um Chomhlónadh Tárgí	9
Grúpa Comhair Riarachán an Aontais Eorpaigh maidir le Brú-Threalamh Iniompair	1
Coiste Comhairleach an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le hInnealra	1
Coistí Comhairleacha an Aontais Eorpaigh um Brú-Threalamh	2
Coiste Comhairleach an Aontais Eorpaigh um an Treoir um Ardaitheoirí	0
Coiste Comhairleach an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta	2
Coiste Comhairleach an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le ATEX (atmaisféir inphléaschta)	1
An Coiste Comhairleach ar an Rialachán maidir le Fearais Gháis	2
Meitheal an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le hInnealra	2
Meitheal an Aontais Eorpaigh um Brú-Threalamh	1
Meitheal an Aontais Eorpaigh um an Rialachán maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta	1
Meitheal an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le ATEX (atmaisféir inphléaschta)	1
An Mheitheal um an Rialachán maidir le Fearais Gháis	0
Comhchuibhiú Teicniúil (an Rialachán maidir le hInnealra)	11
Iomlán	34

Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - creidiúnú	Líon na gcruiinnithe/ na n-imeachtaí ar ar freastalaíodh
Coistí Teicniúla agus Beartais agus meithleacha Chomhar na hEorpa um Chreidiúnú [Saotharlanna, Cigireacht, Comhchuibhiú, Teastasú, Comhaontú Iltaobhach, Comhthionól]	21
Coistí Teicniúla agus Beartais agus meithleacha an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne [Saotharlanna, Cigireacht, Comhthionól]	9*
Coistí Teicniúla agus Beartais agus meithleacha an Fhóram Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin [Teastasú, Comhthionól]	4
Coistí agus meithleacha an Choimisiúin Eorpaigh agus na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar Dhea-chleachtas Saotharlainne	3
Grúpa an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Margadh Inmheánach do Thárgí	1
Iomlán	38

* Tionóladh roinnt i gcomhpháirt idir an Comhar Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne agus an Fóram Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin, comhaireadh uair amháin iad

Aguisín 4:

Reachtaíocht agus treoir a cuireadh i gcrích in 2021

Reachtaíocht

I.R. Uimh. 711/2021 – Rialachán na gComhphobal Eorpach (iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalamh Iniompair) (Leasú), 2021

I.R. Uimh. 619/2021 – Na Rialacháin um Shábhálteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (Uimh. 2), 2021 I.R. Uimh. 610/2021 – Na Rialacháin um Shábhálteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2021

I.R. Uimh. 528/2021 – Na Rialacháin um Shábhálteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú), 2021

I.R. Uimh. 231/2021 – Na Rialacháin um Shábhálteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (Leasú), 2021

Cód chleachtais

Chemical Agents and Carcinogens Code of Practice 2021

Code of Practice for Employers and Employees on the Prevention and Resolution of Bullying at Work

Treoirbhileoga agus bileoga faisinéise (nuashonruithe san áireamh)

Carriage of Dangerous Goods by Road 2021 (ADR Guide for Business mar a bhíodh)

ADR – Quick Reference Guide

Classification, Labelling & Packaging according to the CLP Regulation – Information Sheet

Póstaeir CLP 1 (méid A1) – Gnéithe Aicmithe agus Lipéadaithe

Póstaeir CLP 2 (méid A1) – Ráitis Ghuaise agus Réamhchúraim

Safety Data Sheet (SDS) Information Sheet

Information for Retailers on Hazard Labelling & Packaging of Chemical Products

Chemical Distributors Duties REACH and CLP

Chemical Importers Information Sheet

Export and Import of Chemicals Information Sheet

Safety for Seasonal Workers in Horticulture

Safe Motor Vehicle Repair and Maintenance – Info Sheet

Skip Lorry Safety Checklist and Poster

Employees with Disabilities



Aguisín 5:

Tuarascáil Bhliantúil 2021 don Aire ar Oibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

Ceapadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta) mar an príomhúdarás náisiúnta faoin Acht Ceimiceán, 2008. Foráltear san Acht Ceimiceán, 2008, arna leasú, do riart agus forfheidhmiú náisiúnta Rialachán REACH, Rialachán na nGlanach, Rialachán Rotterdam (toiliú feasach a chur in iúl roimh ré) agus rialachán CLP. Amhail an 1 Meitheamh 2015, tá na Rialacháin maidir le Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist (COMAH) (SEVESO III) faoi raon feidhme na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, ach ní siad faoi réir na tuarascála bliantúla seo. Tá oibleagáidí riarracháin agus/nó forfheidhmithe ag cùig údarás náisiúnta faoi na hAchtanna Ceimiceán, is iad sin, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil; Bord Ospidéal Beaumont; Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim; agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB).

Éilítear faoi alt 8(4) d'Acht 2008 go ndéanfaidh údarás náisiúnta (seachas an tÚdarás): a) socrutithe leordhóthanacha chun a fheidhmeanna faoi na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh; b) taifid chuí a choinneáil; agus c) tuarascáil a thabhairt don Údarás laistigh de dhá mhí tar éis dheireadh gach bliana. Beidh an fhaisnéis is cuí leis an údarás nó a éileoidh an tÚdarás sa tuarascáil sin. I gcomhlíonadh a dhualgas reachtúil faoin Acht, d'éisigh an tÚdarás ar gach údarás náisiúnta thuasluaithe tuairisciú ar a ghníomhaíochtaí i rith 2021 faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010. Tugtar sonraí faoi gach údarás náisiúnta anseo thíos:

Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Feidhmíonn Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), mar an tÚdarás Monatóireachta ar Dhea-chleachtas Saotharlainne³, mar an t-údarás náisiúnta inniúl chun críocha Airteagait 8(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le glantaigh agus chun na gcríoch sin amháin. I rith 2021, ní raibh aon saoráidí Dea-chleachtais Saotharlainne i gclár monatóireachta INAB ag tabhairt faoi obair do Rialachán na nGlanach. Ghlac INAB páirt i gCoiste na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eachnamaíochta (OECD) ar Dhea-chleachtas Saotharlainne agus Meitheal an Choimisiúin Eorpáigh ar Dhea-chleachtas Saotharlainne.

Bord Ospidéal Beaumont

Is é Bord Ospidéal Beaumont an comhlacht ceaptha atá freagrach as faisnéis a fháil a bhaineann le freagairt sláinte éigeandála, de réir Airteagal 45 de Rialachán CLP, agus chun bileoga sonraí comhbáhar a fháil mar a éilítear faoi Airteagal 9(3) de Rialachán na nGlanach, agus ainmníodh é mar an Láirionad Náisiúnta Faisnéise um Nimheanna (NPIC) chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

I rith 2021, fuarthas 1,045 fiosrúchán faoi tháirgí glantaigh. Bhain formhór na bhfiosrúchán sin le Rialachán CLP maidir le nós imeachta fógartha NPIC, úsáid uimhir NPIC ar bheileoga sonraí sábháilteachta agus clárú táirgí bithicídí. Rinneadh caoga measúnú ar fhógraí a cuireadh faoi bhráid NPIC agus rinneadh 1,000 measúnú teoranta deisce, m.sh. tugadh comhdhéanamh ionlán na dtáirgí sonraithe. Phléigh NPIC freisin le roinnt fiosrúcháin éigeandála a bhain le táirgí nár fógraíodh dóibh. Nuair ab fhéidir, phléigh siad leis an gcuideachta fhreagrach chun an fhaisnéis riachtanach a fháil. Cuireadh líon beag cásanna táirge faoi bhráid an Údarás chun an gá le beart breise a mheasúnú.

D'fhreagair NPIC fiosrúcháin éigeandála faoi 1,134 táirge glantaigh freisin. Ba iad na táirgí glantach ba mhó a cuireadh in iúl táirgí glantachán fabraice (saicíní/capsúil glantaigh leachtaigh go háirithe),

³ Dea-chleachtas Saotharlainne

glantóirí ginearálta, tárgí miasniteora, tuar, glantóirí/úraitheoirí leithris agus leacht níocháin. D'fhreagair NPIC 1,565 fiosrúchán éigeandála faoi mheascán cheimiceáin, gan glantaigh san áireamh. Bhí líon na bhfiosrúchán faoi dhíghalráin lámh agus tárgí antaiseipteáin/díghalráin fós ard le hais 2019 (roimh phaindéim COVID-19). Chuir NPIC 44 cuideachta a bhí ag cur eolas faoi dhíghalráin lámh isteach ar an eolas faoina n-oibleagáid tárgí bithicídí a chlárú leis an Roinn Bia, Talmhaíochta agus Mara. Déanfar monatóireacht níos dlúithe ar an ualach oibre sin amach anseo.

Ar leibhéal na hEorpa, chuir NPIC dhá choimre isteach, tríd an Údarás, ar cheisteanna ábhartha a pléadh in CARACAL i rith 2021. Ar an leibhéal náisiúnta, d'athbhreithníogh rannóg dlí Ospidéal Beaumont an dréacht-Mheabhrán Tuisceana leis an Údarás in 2021 agus tá obair ar bun chun an Comhaontú Comhroinnt Sonrai a leasú. Ghlac NPIC páirt in dhá imeacht do pháirtithe leasmhara, ina measc comhsheimineár gréasáin leis an Údarás agus an Roinn Bia, Talmhaíochta agus Mara faoi chóras nua chun fógraí a eisiúint do NPIC.

Ní oibríonn foireann NPIC le gníomhaiochtaí a bhaineann leis an Acht Ceimiceán amháin agus caithfear túis áite a thabhairt do bhainistiú agus d'oibriú na seirbhíse faisnéise gutháin le haghaidh nimheanna. Chuir NPIC túis in 2021 le riaráiste suntasach de níos mó ná 6,000 aighneacht táirge le huaslódáil ar an gcóras bainistíochta cáipíse. Fuair NPIC go leor de na haighneachtaí sin i rith mhí na Nollag 2020, díreach sular tháinig larscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán CLP i bhfeidhm. Chun a chinntíú go raibh an fhaisnéis táirge sin ar fáil d'fhoireann NPIC agus iad ag freagairt fiosrúchán éigeandála, chaith na hoifigigh faisnéise nimheanna chomh maith leis an Oifigeach Riaracháin roinnt ama ag uaslódáil aighneachtaí ar an gcóras bainistíochta cáipíse sa chéad leath de 2021. Chuir sé sin ar chumas NPIC an riaráiste a ghlanadh faoi mhí an Mheithimh 2021.

Ach mar gheall ar an obair sin, d'iniúch NPIC níos lú aighneachtaí táirge in 2021 ná 2020, agus dá réir, cuireadh moill arís ar dhualgais áirithe eile nó cuireadh ar athló iad. Mar shampla, cuirtear an tuarascáil bhliantúil i dtoll a chéile i mí an Mheithimh go hiondúil ach cuireadh siar go mí na Nollag í, agus cuireadh tionscadail méadaithe feasacha agus seirbhísí for-rochtana siar.

I rith mhí na Samhna 2021, thacaigh NPIC le feachtas meán sóisialta ECHA, #UFIattersEU. Ba é príomhsprioc an fheachtais feasacht a mhéadú ar an aitheantóir foirmle uathúil (UFI) i measc shaoránaigh an Aontais Eorpaigh, go háirthe tuismitheoirí páistí óga, agus múineadh dóibh céan fáth a bhfuil an cód UFI ann agus cá bhfaightear é. Leag an feachtas béis freisin ar an tábhacht a bhaineann le bearta sábháilteachta sa bhaile chun nimhiú trí thimpiste a sheachaint. Roinn NPIC teachtaireachtaí #UFIattersEU ar Twitter, Facebook agus Instagram uair amháin ar a laghad gach lá idir 10–19 Samhain 2021, agus bíonn sé fós ag postáil faoin ábhar seo ó am go chéile.

Ba iad na hacmhainní a bhí ar fáil i rith 2021: Oifigeach Riarachán 0.8 FTE agus Bainisteoir/Oifigeach Faisnéise Nimheanna 1 FTE. Cé nach n-oibríonn aon chomhalta foirne in NPIC go lánamearthar ar fhreagrachtaí faoi Rialachán (CE) CLP Uimh. 1272/2008 agus Rialachán (CE) na nGlantach Uimh. 648/2004, tá seisear oifigeach faisnéise nimheanna ag NPIC agus bíonn siad ar fad páirteach i bhfaisnéis a thabhairt chun freastal ar éileamh leighis i gcás éigeandála. Tugann an Stiúrthóir Cliniciúil comhairle bhereise i gcásanna tromchúiseacha nó casta. Chaith na hoifigigh faisnéise nimheanna ar fad roinnt ama ag uaslódáil aighneachtaí ar an gcóras bainistíochta cáipíse sa chéad leath de 2021. Is eolaithe (BSc nó MSc) iad na hoifigigh faisnéise nimheanna ar fad agus tá cáilfochaí iarchéime i dtocsaineolaíocht chliniciúil ag a bhformhór. Is Ainéistéisí Comhairleach an Stiúrthóir Cliniciúil. Níor tháinig aon athrú ar acmhainní ó 2020.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Forfheidhmíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) Rialachán REACH agus CLP i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na reachtaíochta faoi tháirge cosanta plandaí agus bithicídí a bhaineann le hearnáil shonrach. I rith 2021, thuairiscigh RTBM ar a gníomhaiochtaí a bhain le tionscadal forfheidhmithe REACH (REF-8) le haghaidh díolacháin idirlín; freagraíodh 50 ceistneoir agus cuireadh chuig an gcomhordaitheoir náisiúnta iad lena gcur faoi bhráid ECHA.

Ar an leibhéal náisiúnta, d'fhreastail RTBM ar chruinniú fíorúil amháin de chuid an Ghrúpa Idir-rannaigh/Gníomhaireachta ar Cheimiceán agus bhí sí ag plé le húdarás náisiúnta de réir mar ba ghá i rith na bliana. D'fhreagair RTBM ceisteanna a bhain le tárgí cosanta plandaí agus bithicídí a tharchuir an tÚdarás chuici.

Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, thug RTBM trí thráchtaireseacht ar thograí Seasmhacha, Gluaisteacha agus Tocsaineacha (PMT) le haghaidh chruinnithe CARACAL ar fhreastail an tÚdarás orthu. Bhí ionadáil ag RTBM freisin ar mheitheal thionscadal forfheidhmithe REACH (REF 8) le haghaidh díolacháin idirlín a chomhordaigh an Fóram agus ghlaic sí páirt i gcéim tuairiscithe an tionscadail i rith 2021. D'fhreastail RTBM ar thrí chruinniú de chuid an Ghrúpa Saineolaithe um Shuaiteoirí Inchríneacha.

Faoi CLP, leanadh le hionadaíocht RTBM ar chruinnithe an Choiste Measúnaithe Riosca, trí fhreastal ar cheithre chruinniú, agus freastalaíodh ar thrí cheardlann faoi Aicmiú agus Lipéadú Comhchuibhithe i rith 2021.

Faoi Rialachán Rotterdam (Toiliú Feasach Roimh Ré), d'fhreastail RTBM ar chruinniú amháin agus thug tuairimí scríofa don Údarás roimh chruinniú eile d'údarás náisiúnta ainmnithe maidir le Toiliú Feasach Roimh Ré faoi Rotterdam in 2021.

Comhaontaíodh agus síníodh meabhrán tuisceana in 2018 idir RTBM agus an tÚdarás maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú Rialachán REACH, CLP agus na nGlantach mar a leagtar amach faoin Acht Ceimiceán, agus bhí sé fós in úsáid in 2021. Ar an gcaoi chéanna, in 2018, shínigh an tÚdarás agus RTBM Meabhrán Tuisceana idir RTBM, an tÚdarás agus Rannóg Custaim na gCoimisinéirí loncaim maidir le Rialachán Rotterdam, agus bhí sé fós in úsáid in 2021.

Rannóg Custam na gCoimisinéirí loncaim

Is iad na Coimisinéirí loncaim an t-údarás náisiúnta ainmnithe faoi Airteagal 17 de Rialachán Rotterdam. Tá Seirbhís Custam na gCoimisinéirí loncaim freagach as rialú allmhairíú agus onnmhairíú na gceimiceán guaiseach a liostaítear i Rialachán Rotterdam. Chuige sin, bunaíodh próifílí ar an gcóras imréitigh Custam don Phróiseáil Iontrála Uathoibrithe de chuid na gCoimisinéirí loncaim.

Chuir na Coimisinéirí loncaim (trína Choiste Comhairleach Custam) an lucht gnó ar an eolas faoin dearbhú onnmhairithe agus faoi na ceanglais maidir le huimhir thagartha shainitheantais d'onnmhairíú ceimiceán a chuimsítear i Rialachán Rotterdam. Is féidir leis an bpobal teacht ar an lámhleabhar foirne Custam trí shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí loncaim (www.revenue.ie).

Lámhleabhar na gceimiceán contúirteach: Tá faisnéis ghinearálta ar shuíomh na gCoimisinéirí loncaim freisin faoi earraí a bhfuil toirméasach nó srian orthu agus áirítear leis sin faisnéis faoi cheimiceáin chontúirteacha a onnmhairíú faoi Rialachán Rotterdam.

Airíodh leis na gníomhaíochtaí custaim faoin Rialachán sin próifílí leictreonach ar cheimiceáin ghuaiseacha áirithe ar an gcóras próiseála iontrála uathoibrithe agus an fhoireann Custam ag bailíochtú uimhreacha tagartha sainitheantais tráth an onnmhairithe nuair ab ábhartha. I rith 2021, rinneadh monatóireacht ar cheithre easpórtáil faoin toiliú feasach roimh ré.

Glacann na Coimisinéirí loncaim páirt i gcruiinní an Ghrúpa Idir-rannaigh ar Cheimiceáin faoi RFTF. Ach bhí a rannpháirtíocht in 2021 teoranta mar gheall ar thiomantais eile.

Cuireadh Meabhrán Tuisceana i gcrích idir na Coimisinéirí loncaim, an tÚdarás, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Síneofar an Meabhrán Tuisceana sin i mí Feabhra 2022. Coinníonn na Coimisinéirí loncaim Comhaontú Comhroinnté Sonrai leis an dá eagraíocht maidir le faisnéis a mhalartú faoi Rialachán Rotterdam.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)

I rith 2021, thionóil an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil feachtas faireachais margaidh náisiúnta le haghaidh Truailleán Orgánacha Mharthanacha/REACH in éindí, thug sí faoi 50 cigireacht ar mhiondoltóirí, lena n-áirítear oibritheoirí riomhthráchtála, lenar bhain táistíl chomhlíonta ar 50earra iompórtálte le haghaidh substaintí srianta a cuimsíodh in oiriúintí (earraí) acláiochta. Bhí siad ar fad comhlíontach.

I rith 2021, thug an Ghníomhaireacht faoi shé fhiosrúchán sheachtracha ar Rialachán REACH, le leathanaigh ghréasán thiomnaithe ar fáil ar REACH. D'fhreastail 134 comhalta foirne de chuid na Gníomhaireachta, lena n-áirítear cigírí a phléann le ceadúnú agus forfheidhmiú, ar oiliúint ghinearálta ceimiceán, a chuimsigh modúl faoi reachtaíocht a bhaineann le ceimiceáin, REACH ina measc. Thug Foireann Ceimiceán na Gníomhaireachta comhairle leanúnach do chomhaltaí foirne forfheidhmithe comhshaoil na Gníomhaireachta. Níor tionóladh aon imeachtaí do pháirtithe leasmhara seachtracha i rith 2021. Chláraigh cigire amháin de chuid na Gníomhaireachta le córas TF slán Interact de chuid ECHA a úsáid i rith 2021.

Ar an leibhéal náisiúnta, ghlac comhaltaí foirne de chuid na Gníomhaireachta páirt i gcruiinní amháin de chuid an Ghrúpa Idir-rannaigh ar Cheimiceáin agus lean an Ghníomhaireacht ag feidhmiú meabhrán tuisceana leis an Údarás a chuimsíonn gníomhaíochtaí a bhaineann le Rialachán REACH agus Rialachán na nGlantach, agus atá á athbhreithniú faoi láthair.

B'ionann acmhainní na Gníomhaireachta chun críocha Rialachán REACH agus Rialachán na nGlantach agus thart ar 0.5 Coibhéis Lánaimseartha, méadú ar leibhéal 2020 (0.12 Coibhéis Lánaimseartha). Éilitear beirt chigírí chun forfheidhmiú faoi Alt 11 den Acht Ceimiceán, le comhalta foirne amháin de chuid na Gníomhaireachta páirteach i ggníomhaíochtaí faoi Rialachán REACH agus na nGlantach go páirteaimseartha.

Tá straitéis ceimiceán inmheánach ag an nGníomhaireacht ina bhféachtar le cumarsáid agus ailíniú inmheánach a chinntí i gcur i bhfeidhm na reachtaíochta ceimiceán laistigh dá sainchúram. Leagtar amach sa straitéis an chaoi a n-oibreoidh an Ghníomhaireacht le heagraíochtaí eile chun a ról a chomhlíonadh maidir leis an reachtaíocht ceimiceán sin. Cuireadh an straitéis i gcrích in 2020 agus tá sí á cur i bhfeidhm.

Nótaí:



Ár bhFís: Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Guthán: 0818 289 389

www.hsa.ie